Tuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Faisnéise 2004

CLÁR ÁBHAIR

CAIBIDIL 1 RÉAMHRÁ

CAIBIDIL 2 AN BHLIAIN FAOI ATHBHREITHNIÚ

- Tiomsú Staitisticí
- Léibhéal Iarratais le Comhlachtaí Poiblí
- Cineál Iarratais
- Cineál Iarratasóra
- Rátaí Scaoilte
- Iarratais ar Athbhreithniú le m'Oifig
- Táillí Faighte
- Athbhreithniú ar Bhreitheanna
- Am a Chaitear le hAthbhreithnithne a Chríochnú
- Toradh Athbhreithnithe
- Breitheanna Foirmiúla
- Socruithe
- Fiosruithe Ginearálta ar dhéileáil m'Oifig leo
- Fógraí Reachtúla
- Deimhnithe arna n-éisiúint ag Comhlachtaí Poibli
- Feasacht an Phobail agus Dea-Chleachtas a Chur Chun Cinn
- Scoileanna Saothair agus Leanaí i gCúram an Stáit
- Athbhreithniú ar an Suíomh Greásáin
- Achomhairc leis an Ard-Chúirt
- Bainistíocht Taifead
- Soláthar Foirne

CAIBIDIL 3 SAINCHEISTEANNA A THÁINIG CHUN SOLAIS

- Réamhrá
- Athbhreithnithe Fadhbacha
- Bainistíocht Taifead
- Taifid Dochtúirí Leighis Ginearálta
- Rochtain ar Thaifid Leighis
- Breithiúnais de chuid na hArd-Chúirte
- An tOireachtas agus Achtuithe maidir le Neamhnochtadh Taifead

CAIBIDIL 4 BREITHEANNA I BHFOIRM LITREACH

- Innéacs na gCeisteanna á bPlé
- Tuarascálacha Imscrúdaithe
- Faisnéis Phearsanta/Taifid Éagach
- Leas an Phobail
- Suaibhreosach agus Cráiteach
- Taifid Rialtais
- Stiúradh Taifead

CAIBIDIL 5 ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMIÚ
AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE [LEASÚ], 2003.

- Athbhreithniú
- Cá rachaimid anois?
- Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Idir-rannach

CAIBIDIL 6 STAITISTICÍ

AGUISÍN I TUARASCÁIL AR DHEIMHNITHE Ó ÁIRÍ ARNA N-EISIÚINT FAOI ALT 25

LIOSTA FOIRNE

INNÉACS

BROLLACH

Déanaim leis seo mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha alt 40(1)(c) de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Is é seo an séachtu Tuarascáil Bhliantúil atá curtha faoi bhráid i ndáil le hobair Oifig an Choimisinéara Faisnéise ó bunaíodh i 1998 í.

Emily O'Reilly
An Coimisinéir Faisnéise

Bealtaine 2005

RÉAMHRÁ

Seo mo dhara Tuarascáil Bhliantúil mar Choimisinéir Faisnéise, a chlúdaíonn an tréimhse ó 1 Eanair 2004 go 31 Nollaig 2004: mo chéad bhliain iomlán san oifig.

Ceapadh i 2003 mé nuair a bhí díospóireacht phoiblí mhór ar siúl ar na leasaithe a bhí díreach déanta ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, agus ar thabhairt isteach táillí iarrtha agus breithnithe. Gheall mé ag an am sin tuairisciú ar thionchar na n-athruithe seo agus foilsíodh m'imscrúdú Athbhreithniú ar Fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 i mí Meithimh 2004.

Go hachomair, thaispeáin an Tuarascáil gur tharla seo a leanas idir tús 2003 agus 2004:

- thit úsáid an Achta 50%,
- thit iarratais neamhphearsanta 75%,
- thit úsáid ag na meáin chumarsáide 83%,
- thit iarratais gnó 60%,
- tríd is tríd, ní raibh athrú ar iarratais pearsanta, ar iarratais ó bhaill an Oireachtais, ná ar iarratais ó fhoirne comhlachtaí poiblí,
- tríd is tríd, tá comhlachtaí poiblí ag feidhmiú an Achta ar bhealach cóir agus cothrom agus
- bhí tionchar ag tabhairt isteach táillí ar iarratais agus ar athbhreithnithe i bhfad níos suntasaí ar leibhéil úsaide ná na leasaithe ar an Acht.

Ag scaoileadh tharam an borradh i ngníomhaíocht Shaorála Faisnéise ag tús 2003, thug mé faoi deara gur thit úsáid iomlán an Achta 32 faoin gcéad.

Tá achoimre ar an dtuarascáil curtha agam leis seo i gCaibidil a Cúig. Tar éis foilsiú na tuarascála, chuaigh mé os comhair an Chomhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí i mí Iúil 2004 chun torthaí mo thuarascála a phlé agus gabhaim buíochas leis an gComhchoiste as an deis sin a thabhairt dom.

Chuir mé béim i mo thuarascáil agus i m'oráid don Chomhchoiste ar an imní a chuir ard-chostas na n-achomharc ar m'Oifig agus an tionchar atá aige sin ar éifeacht iomlán na reachtaíochta. Go dtí seo, is cosúil nach bhfuil aon rún ag an rialtas aon athrú a dhéanamh ar seo.

Tá an patrún úsáide arna léiriú sa tuarascáil sin socraithe faoi seo, mar is léir ó na figiúirí do iomlán na bliana 2004 sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Cé go bhfuil an dearcadh ann go forleathan go bhfuil an reachtaíocht reatha Saorála Fáisnéise lagaithe go maith ó thaobh rochtana ar thaifid i gcomparáid leis an Acht bunaidh, leantar lena lán taifead - a bhfuil spéis suntasach an phobail iontu - a scaoileadh agus feidhmíonn an tAcht i gcónaí mar ghléas cuntasachta.

Rinne tuarascáil Travers, a foilsíodh le déanaí agus a bhaineann leis an gcleachtas táille a ghearradh ar chúram baile altrach fad-téarmach, an gá le trédhearcacht agus cuntasacht laistigh den chóras riaracháin poiblí a thabhairt chun solais arís. Tá sé tábhachtach mar sin meabhrú dúinn gurbh é rún a bhí acu siúd a thug an bhun-reachtaíocht isteach ná an córas sin a oscailt do níos mó mionscrúdú poiblí, agus leis sin, an córas a fheabhsú. Is annamh a cuirtear leas an phobail chun cinn san áit ina mbíonn rúndacht.

Liostálaim, go hachomair, thíos, roinnt cinneadh a rinne mé an bhliain seo caite a léiríonn dar liom tábhacht leanúnach na Saorála Faisnéise mar mhodh chun leas an phobail a chosaint. Pléitear roinnt acu, agus eile, níos mine i gcaibidlí eile. Scaoileadh ar ndóigh lear mór taifead eile, idir pearsanta agus neamhphearsanta, ag céim an chéad-iarratais, agus tar éis athbhreithnithe inmheánacha.

I 2004, chuir mé ar ceal cinneadh de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (Cás 031109) inar diúltaíodh rochtain ar thaifid i ndáil leis an cinneadh chun Coláiste Oideachais Eacnamaíocht Baile Naomh Cáitríona a dhúnadh agus a athlonnú i Sligeach. I measc fáthanna eile, bhreith mé go raibh leas suntasach poiblí ann bheith ar an eolas faoin chaoí ina thagann comhlacht poiblí ar chinneadh lena bhaineann, i gcás an Choláiste, tionchar suntasach ó thaobh na mac léinn, na fostaithe agus a gcuid teaghlach. Bhain impleachtaí airgeadais an chinnidh freisin leis an leas phoiblí.

Chuir mé ar ceal cinneadh de chuid Bhord Sláinte an Oirthir (Cás 000103) gan tuarascáil a scaoileadh a bhain le briseadh amach trom de nimhiú salmonella i measc custaiméirí bialainne mearbhia.

D'ordaigh me go scaoilfí na mionsonraí de shocraíocht as cúirte idir lia comhairleach Ospidéil sinsir agus Bord Sláinte an Oirthuaiscirt (Cás 000528). Bhí an stádas, faoi Shaoráil Faisnéise, a bhaineann le comhaontuithe tostaobhacha a dhéanann comhlachtaí poiblí, lárnach don chinneadh.

D'ordaigh mé go nochtfaí taifid maidir le comhaontú a rinne an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta leis an Turas Eorpach PGA ar chluiche Ryder Cup 2006 a reachtáil in Éirinn. (Cás 030218).

D'ordaigh mé go scaoilfeadh Bord Sláinte an Iardheiscirt taifid, ina measc taifid scrúdaithe tí altranais maidir le teach altranais faoina gcúram. Mhaígh an Bord agus an Teach Altranais "íogaireacht tráchtála" mar fhorais do chinneadh an Bhoird gan na taifid a scaoileadh, chomh maith le cearta príobháideachais cónaitheoirí an Tí agus na mball foirne a chosaint.

Léiríonn an méid thuas go n-éiríonn i gcónaí le Saoráil Faisnéise solas a dhíriú ar ghnó an rialtais agus ar chleachtais riaracháin comhlachtaí poiblí, rud a chuireann le tuiscint an phobail ar ceisteanna cuí agus a ligeann do dhíospóireacht chóir agus eolasach a chur ar aghaidh. Tá ról na Saorála Faisnéise i leith seo chomh tábhachtach agus a bhí riamh. Tá daoine ag súil go gcaithfí go cóir agus go cothrom leo agus an méid sin tuilte acu ar ndóigh agus iad ag déaileáil leis an seirbhís phoiblí. Is mian leo an fhírinne faoi cheisteanna a bhaineann go díreach agus go neamhdhíreach lena saoil féin.

Ag freastal dom le déanaí ar chomhdháil idirnaisiúnta maidir le cúrsaí Shaoráil Faisnéise, chuaigh sé ina luí orm an bhéim a bhí á cur ag feidhmeannaigh agus gníomhaithe sna daonlathais nua-bhunaithe in Oirthear agus i Lár na hEorpa ar a leithéid de reachtaíocht. Cloch coirnéil agus sainmharc do na tíortha sin is ea an Saoráil Faisnéise ina ndaonlathais nua-bhunaithe, chomh maith le reacthtaíocht eitice agus tús a chur le córas Ombudsman.

Thug roinnt tíortha reachtaíocht an-liobrálach isteach, ag an am céanna, go híorónach, tá a lán tíortha sa "Sean-Eoraip" ag srianadh a reachtaíocht féin ar chúiseanna inmheánacha agus idirnáisiúnta éagsúla. Dúirt Coimisinéir Faisnéise amháin ó Oirthear na hEorpa go raibh tráth a leanfadh an Eoraip "Nua" na daonlathais sean-bhunaithe san Iarthar, ach gur malairt scéil atá i bhfeidhm anois.

Feicfear amach anseo conas mar a fhorbróidh Saoráil Faisnéise sna tíortha sin. Bíonn, de ghnáth, tréimhse ar nós mí na meala ag Saoráil Faisnéise, le srianú sna sála ar an méid sin. Ach fiú nuair a sriantar í, tarlaíonn sé sin i gcultúr atá athraithe ó bhonn le tabhairt isteach na Saorála Faisnéise ar an gcéad dul síos. Iarrann agus éilíonn pobal na hÉireann go mbeadh níos mó trédhearcachta ag baint leo siúd atá ag rialú, bíodh sin tríd nó lasmuigh den reachtaíocht a riarann a gceart rochtana. Déanann a lán comhlachtaí poiblí a ndícheall i gcónaí chun an t-éileamh sin a shásamh, go minic trí chomhoibriú éifeachtach agus tapaidh a dhéanamh le m'Oifig.

Tríd is tríd, tá an caidreamh idir foireann m'Oifige agus an tseirbhís poiblí i gcoitinne an-shásúil agus tá nósanna imeachta fónta curtha i gcrích eatarthu. Dá ainneoin sin bíonn orm ó am go chéile, le linn athbhreithnithe, gníomhú chun míniú iomlán a fháil ar na cúiseanna nach bhfuil taifid á scaoileadh agus, go deimhin, gníomhú chun rochtain a fháil ar na taifid iad féin. I gCaibidil a Trí tá cuntas ar roinnt cásanna ina raibh orm gníomhú sa tslí seo. Is mian liom a dheimhniú, in aon chás go bhfuil gá leis, nach mbeidh aon leisce orm feidhm a bhaint as na cumhachtaí láidre atá bronnta orm faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tá rath orm go bhfuil tacaíocht agam ó fhoireann comhoibrithe atá gníomhach ina gcuid oibre, rud a chuireann ar mo chumas mo chuid feidhmeanna agus oibleagáidí reachtúla a chur i gcrích. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le m'Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan, Imscrúdaitheoirí Sinsearacha Fintan Butler agus Liam Kelly, agus le Des O'Neill agus Frank Forde as a gcuid oibre i dtiomsú na Tuarascála Bliantúla seo.

Caibidil 2

AN BHLIAIN FAOI
ÚSÁID AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE

TIOMSÚ STAITISTICÍ - TUARSCÁIL AN FHOGHRÚPA AR STAITISTICÍ SAORÁLA FAISNÉISE

Leis na blianta beaga roimhe seo, dhírigh mé féin agus mo réamhtheachtaí aird ar na deacrachtaí staitisticí a fháil agus a thiomsú lena n-úsáid in ár dTuarascálacha Bliantúla. Léirigh mé i dTuarascáil na bliana seo caite raon na bhfadhbanna a d'éirigh: seachadadh déanach, tiomsú/áireamh mícheart, agus modhanna difriúla tiomsaithe. Chuir mé in iúl, mar thoradh air sin, nach raibh na staitisiticí ar fáil maidir le húsáid agus cleachtadh Saorála Fáisnéise iontaofa. Thug mé faoi deara sa Tuarascáil sin, áfach, go raibh Aonad Polasaí Láir (APL) na Roinne Airgeadais i mbun na próiséis agus na nósanna imeachta a bhaineann le tiomsú na staitisticí seo a athbhreithniú.

Thosaigh an tAthbhreithniú seo mí Deireadh Fómhair 2003 nuair a bhunaigh Grúpa Oibre Idir-rannach na Saorála Fainéise Foghrúpa um Staitisticí chun cineál, formáid agus tréimhsiúlacht staitisticí, ónar tháinig an tAcht i bhfeidhm, a athbhreithniú. Ag cuimhneamh ar impleachtaí an Achta um Shaoráil Fáisnéise (Leasú) 2003, ba é an príomh-fhócas a bhí aige ná formáid a cheapadh do staitisticí úsáideacha agus ábhartha a thiomsú. Thug an Grúpa faoi deara nach raibh na táblaí, a d'ullmhaigh na comhlachtaí éagsúla a bhí freagrach as bailiú na staitisticí seo caighdeánaithe go mion agus gur mhair roinnt éagsúlachta idir na comhlachtaí maidir le cineál iarratais agus catagóir an iarratasóra a léirmhíniú.

Thug an Grúpa faoi deara ina athbhreithniú, cé go raibh an cuma air gur oibrigh an córas i gcoitinne, go gcaithfí tabhairt faoi roinnt ceisteanna (cuid mhaith acu ag teacht le himnithe a chuir an tOifig seo in iúl thar na blianta). Mar seo a leanas iad:

- ní chuireann roinnt comhlachtaí na staitisticí ábhartha ar ais san fhormáid atá ag teastáil ar bhonn rialta,
- bíonn an t-eolas mícheart go minic (ní bhíonn na suimeanna ceart, neamhréireacht i léirmhíniú catagóra),
- bhí mearbhall ann maidir le tuairsciú staitisticí don APL agus don Chomisinéir Faisnéise,
- ciallaíonn an ráta ard athraithe foirne go gcailltear saineolas agus go dtéann feasacht ar riachtanais do thairgiú agus do thuaraisciú staitisticí i léig.

Rinne an Grúpa roinnt moltaí chun déaileáil leis na lochtanna seo. Ina measc:

- úsaidfidh comhlacthaí poiblí teimpléaid chaighdeánacha de réir iadsan a sholáthraítear don Choimisinéir Faisnéise,
- cinnteoidh comhordnóirí Saorála Faisnéise go bhfaighfear staitisticí cruinne ar bhonn míosúla ó chomh-chomhlachtaí poiblí,
- nuair a thagann comhlachtaí poiblí faoi réir an Achta, cinnteoidh an APL go bhfuil siad ar an eolas faoina gcuid dualgas maidir leis seo,
- ba cheart do mháthair-Ranna a chinntiú go bhfuil socruithe agus meicníochtaí iomchuí in áit ina gcuid comh-chomhlachtaí poiblí chun na staitisticí riachtanacha a sholáthar.

Bhain an socrú athbhreithnithe seo le hiarratais a fuarthas ó 1 Eanáir 2004.

Spreagtar mé a thuairisciú go bhfuil an dealramh air go raibh dea-tionchar ag an tionscnamh seo: ó thaithí m'Oifige i bpróiseáil staitisticí na bliana seo tá an cuma air go raibh feabhsú i bhformáidiú, san am tuairiscithe agus i gcáilíocht na n-ábhar á sóláthar. Maireann fadhbanna nach beag, áfach, i réimsí áirithe, go háirithe maidir le iontaofacht na n-áireamh. Tá sé ar intinn agam aiseolas a sholáthar don APL ina leith seo chun cabhrú leis an nGrúpa á chinntiú go gcuirfí a gcuid moltaí i gcrích ina n-iomláine. Déanfaidh mé monatóireacht ar an staid i 2005 agus tá sé ar intinn agam an cheist a athbhreithniú i mo chéad Thuarascáil Bhliantúil eile.

LÉIBHÉAL IARRATAIS LE COMHLACHTAÍ POIBLÍ

Le linn 2004, rinneadh 12,597 iarratas ar chomhlachtaí poiblí faoin acht um Shaoráil Faisnéise. Is ionann sin agus laghdú de 5,846 iarratas (-32%) ar 2003 agus laghdú de 4,599 (-27%) ar 2002. Tá an titim iomlán idir 2003 agus 2004 de réir an phátrúin laghdaithe a aithníodh i mo Thuarascáil Imscrúdaithe agus is féidir é a chur go

príomha i leith gearrtha na dtáillí iarratais agus athbhreithnithe.

Sa tábla thíos taispeántar an deich gcomhlacht phoiblí a ndearnadh an líon is mó iarratas orthu le linn 2004 (taispeántar stadas don bhliain seo caite idir lúibíní):
Cé go leanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta den líon is mó de na hiarratais a fháil, tá laghdú suntasach ar an líon a fuarthas, laghdú de 33 faoin gcéad ar 2003. Mar a luaigh mé i dTuarascáil na bliana seo caite, tagann méid mór iarratas Saorála Fáisnéise ó iarchónaitheoirí Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin a bhí ag lorg rochtana ar fhaisnéis faoin am a chaith siad sna hinstidiúidí sin. Tuigim go bhfuil laghdú mór ar líon na n-iarratas mar sin le linn deiridh 2003 agus túis 2004. Sílim gurb é an fachtóir seo, agus nárb é tabhairt isteach táillí, a bhí taobh thiar den titim mhór in iarratais ar an Roinn le linn 2004. Tá treisithe ar mo thuairim leis an bhfíríc gur thit iarratais pearsanta leis an Roinn de 682 fad is a thit iarratais neamhphearsanta (.i. na cinn ar a raibh tionchar díreach ag tabhairt isteach na dtáillí orthu) le 215. Mar sin féin, tá tionchar tabhairt isteach na dtáillí ar phróifíl iarratas na Roinne soiléir: thit iarratais pearsanta mar chéadatán den iomlán ó 87 faoin gcéad go 92 faoin gcéad fad is a thit iarratais neamhphearsanta ó 13 faoin gcéad go 8 faoin gcéad.

Creidim gurb iad fáthanna cósúla is cúis le sciar mór an laghdaithe sna hiarratais ar an Roinn Sláinte agus Leanaí (laghdú de 46% ar 2003), cé gur i gcás na Roinne bhain na hiarratais le ham a caitheadh i ndíleachtlanna nó in institiúidí cúraim fad-téarmacha eile. Cósúil leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, chonaic an Roinn seo méadú ar chionmhaireacht na n-iarratas pearsanta i gcomparáid le hiarratais neamhphearsanta le linn 2004.

2002	2003	2004	
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1)	1938	2736	1840
Bord Sláinte an Deiscirt (3)	569	782	732
An Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh (6)	670	593	559
Bord Sláinte an Iarthuaiscirt (10)	351	405	541
Bord Sláinte an Iarthair (5)	565	608	456
An Roinn Sláinte agus Leanaí (2)	997	834	446
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (4)	660	636	444
Bord Sláinte an Oirdheiscirt (9)	297	440	401
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt (8)	416	476	343
Bord Sláinte an Iarthair Láir (7)	291	506	326

Tharla an patrún seo arís ar fud na mbord sláinte; le laghduithe céadatáin sa raon idir -6 faoin gcéad i mBord Sláinte an Deiscirt go -36 faoin gcéad i mBord Sláinte an Iarthair Láir. Arís, chonaic an chuid is mó de na boird sláinte méadú sna hiarratais pearsanta ina gcuid céadatánach de hiarratais agus bhí céadatán na n-iarratas neamhphearsanta thíos leis.

An t-aon eisceacht amháin ar an bpátrún sin Bord Sláinte an Iarthuaiscirt a chonaic méadú de 136 iarratas éigin idir 2003 agus 2004. Bhain a bhformhór (125) le hiarratais ar thaifid phearsanta. Mar sin féin, ag dul in aghaidh an treochta ghinearálta, méadaíodh ar iarratais ar thaifid neamhphearsanta freisin, a mhéadaigh 60 faoin gcéad ó 23 i 2003 go 37 i 2004. Tuigim gur féidir cuid mhaith den mhéadú seo a chur i leith iarratais foirne maidir le comórtas arduithe céime inmheánach agus spíce iarratas maidir le ceann de na hOspidéil faoina choimirce.

I mo Thuarascáil Imscrúdaithe, thug mé aird ar thitim nach sláintiúil é i mo thuairim ar líon n-iarratas Saorála Faisnéise a cuireadh faoi bhráid Ranna Rialtais lárnacha. Léiríonn an tábla thíos conas mar a lean leis an laghdú seo ó fhoilsiú na Tuarascála sin:

CINEÁL IARRATAIS



Mar a léiríonn an ghraif thuas, thosaigh an cionmhaireacht iarratas ar fhaisnéis phearsanta ar bheith níos líonmhaire ná iarratais neamhphearsanta i 2002.
Creidim gurbh é ba chúis leis seo ar dtús ná líon na n-iarratas a cuireadh isteach maidir leis na cásanna a bhaineann le hinsititiúidi a luadh níos túisce. Mar sin féin, thosaigh an borradh seo sna hiarratais ag trá ag deireadh 2003, rud a d'fhág mé leis an tuairim gurb é tabhairt isteach táillí aitheantais ba chúis leis an athrú suntasach a tharla i 2004, le líon na n-iarratas pearsanta trí huaire níos mó ná iarratais neamhphearsanta.

	2002	2003	2004	(03-04)
Roinn an Taoisigh	141	142	45	-68%
An Roinn Airgeadais	326	305	78	-75%
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	205	153	62	-59%

CINEÁL IARRATASÓRA
Mar aon le blianta roimhe seo, déanann daoine as an ngnáth-phobal nó eagraíochtaí ionadaíochta formhór na n-iarratas Saorála Fáisnéise (74%). Iarratais ó lucht gnó agus foirne comhlachtaí poiblí faoi ndear 8 faoin gcéad agus 7 faoin gcéad faoi sheach, fad is a bhí an céadatán ó bhaill an Oireachtais gan athrú den chuid is mó ag 1 faoin gcéad. An rud is suntasaí ná an laghdú ar líon na n-iarratas ó iriseoirí, a thit ó 12 faoin gcéad agus 13 faoin gcéad faoi seach i 2002 agus 2003 síos go 7 faoin gcéad i 2004. Thrácht mé ar bhealach mion go leor faoi na cúiseanna a d'fhéadfaí a bheith taobh thiar den laghdú seo, chomh maith lena impleachtaí do dhaonlathas a fheidhmíonn i gceart, i mo Thuarascáil Imscrúdaithe.

RÁTAÍ SCAOILTE
Le linn 2004, géilleadh go hiomlán do 48 faoin gcéad de na hiarratais ar déileáileadh leo ag na comhlachtaí poiblí go léir agus géilleadh i bpáirt do 25 faoin gcéad eile. Ciallaíonn sé sin, ag láimhseáil don 1.5 faoin gcéad d'iarratais a aistríodh agus san 9.5 faoin gcéad a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, gur diúltaíodh 16 faoin gcéad i 2004 i gcomparáid le 17 faoin gcéad i 2003 agus 19 faoin gcéad i 2002. Is féidir roinnt den laghdú seo a mhíniú leis an athrú i gcionmhaireachtaí na gcineálacha iarratas mar go scaoiltear taifid phearsanta níos tapúla de ghnáth ná iarratais neamhphearsanta. De réir mar a mhéadaíonn an céadatán iarratas pearsanta, bheifeá ag súil go mbeadh sé sin léirithe i rátaí géillte agus géillte-i-bpáirt méadaithe.

Toisc go bhfaigheann Ranna Rialtais agus comhlachtaí na Státseirbhíse cion níos lú iarratas ar fhaisnéis phearsanta ná comhlachtaí poiblí eile, is é an fachtóir seo is cúis leis na difríochtaí eatarthu ó thaobh rátaí scaoilte de. Léiríonn Tábla 5, Caibidil a Sé gur mó i bhfad an claonadh a bhíonn ag na hinstitiúidí triú leibhéil (69%), na boird sláinte (65%), na hospidéil shaorálacha/gníomhaireachtaí sláinte meabhrach/comhlachtaí saorálacha (63.5%) agus na húdaráis áitiúla (59%) géilleadh go hiomlán ná mar a bhíonn a gcuid comhghleacaithe sa Státseirbhís agus i gcomhlachtaí eile (féach Tábla 11) nach ngéilleann do scaoileadh iomlán

ach i 30 faoin gcéad agus 31 faoin gcéad de chásanna faoi sheach. Díol spéise tabhairt faoi deara, afách, cosúil leis an mbliain seo caite, gur ghéill údaráis áitiúla do scaoileadh iomlán i 59 faoin gcéad de chásanna cé nár bhain ach 28 faoin gcéad de na hiarratais a fuarthas le faisnéis phearsanta.

Tá laghdaithe ar ráta scaoilte na Státseirbhíse ó 37 faoin gcéad i 2003 go 30 faoin gcéad i 2004 leis an fuílleach á athrú go páirt-scaoileadh (suas ó 26% i 2003 go 34.5% i 2004). Arís taobh istigh den Státseirbhís, tá laghdaithe ar líon na cásanna a tarraingíodh siar/a déileáileadh leo taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise ó 16 faoin gcéad i 2003 go 11 faoin gcéad i 2004. Tagann sé seo le mo chinnidh i mo Thuarascáil Imscrúdaithe. Thug an Foghrúpa den Ghrúpa Oibre Idir-Rannach ar Shaoráil Faisnéise míniú amháin gur féidir a leagan ar an laghdú seo (féach Caibidil a Cúig). Mheas sé gurbh fhéidir an laghdú is cosúil a bhí ann i líon na n-iarratas a láimhseáileadh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise a mhíniú le líon na n-iarratas a fuarthas gan táille ina chuideachta (agus nár taifeadadh dá réir sin mar iarratas Saorála Faisnéise).

IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ LE M'OIFIG

I gcás nach bhfuil iarratasóir sásta le breith an chomhlachta phoiblí faoina (h)iarraidh saorála faisnéise féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh le m'Oifig ar athbhreithniú ar an mbreith sin. Sa chuid is mó cásanna, is ionann an t-athbhreithniú sin agus an tríú hanailís agus breith sa chás sin. Tá an bhreith a leanann ó m'athbhreithniú ina cheangal dlí agus ní féidir í a achomharc ach leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Is é a bhí sa líon iarratas ar athbhreithniú a rinneadh le m'Oifig ná 434 san iomlán. Léirigh sé sin laghdú de 61 faoin gcéad ar 2003 agus titim de 37 faoin gcéád ar 2002. Dhá fhactóir ba chúis leis an laghdú suntasach seo: bhí tionchar suntasach ag an laghdú ar iarratais a bhaineann le cásanna institiúdacha a luadh níos luaithe ar líon na n-iarratas le m'Oifig maidir le faisnéis phearsanta (féach Tábla 17 a léiríonn líon agus cineál na n-iarratas a glacadh thar na trí bliana seo caite). Níl sé faoi deara an iomláine afách mar go bhfuil líon na n-iarratas "pearsanta" le hOifig an Choimisinéara Faisnéise ar an leibhéal is lú ó 1998. Is féidir gur tharla roinnt den mheath seo de thairbhe mearbhaill i measc iarratasóirí an raibh táille iarratais iníoctha le m'Oifig as athbhreithniú ar bhreith a bhaineann le faisnéis phearsanta. D'fhéadfaidh sé go bhfuil níos mó iarratais pearsanta á scaoileadh go hiomlán ná mar a bhí san am atá caite. Níl aon shonraí agam go dtí seo chun tacú le ceachtar den dá hipitéis seo agus déanfaidh mé an cheist a imscrúdú níos mó le linn 2005.

Tá tionchar tabhairt isteach táillí iarratais agus achomhairc follasach ón laghdú ar líon na n-iarratas "neamhphearsanta" (arís féach Tábla 18).

Is é cion na gcásanna á achomharc le m'Oifig, mar chéadatán de líon iomlán na n-iarratas a fuair comhlachtaí poiblí, ná 3.4 faoin gcéad. Réitíonn sé seo leis an taithí níos deireanaí i bhfeidhmiú an Achta (ag cur an spíce i gcásanna achomharctha maidir le cásanna institidiúdacha i 2003 ar leataobh a thóg an figiúr go 6 faoin gcéad).

Ghlac m'Oifig le 333 iarratas le linn 2004, a bhfuarthas 293 díobh le linn 2004. Bhí na 40 cás eile ar glacadh leo le linn na bliana i measc na 56 iarratas faoi bhreithniú le haghaidh inghlacthachta ag deireadh 2003. Ag deireadh 2004, bhí breith ar inghlacthacht le haghaidh athbhreithnithe le déanamh fós i gcás 21 iarratas a rinneadh i dtreo dheireadh na bliana.

TÁILLÍ FAIGHTE

Ar an 7ú Iúil 2003, tháinig táille d'achomharc le m'Oifig i ndáil le faisnéis neamhphearsanta i bhfeidhm. Seo a leanas na táillí sin:

	Táille	Táille do Shealbhóir Cárta Leighis & Cleithiúnaithe
Achomharc ag Iarratasóir	€ 150	€50
Achomharc ag Tríú Páirtí i gcásanna 'alt 29'	€50	€50

Le linn 2004, fuair m'Oifig 151 iarratas inar íocadh táille. B'é an t-iomlán a fuarthas mar tháillí ag m'Oifig i 2004 ná €18,425. As sin, d'aisíoc m'Oifig €4,125 mar gheall ar na fáthanna seo a leanas:

- Aisíocadh €2,600 maidir l'iarratais ar aistharraingíodh iad nó ar diúltaíodh dóibh toisc iad a bheith neamhbhailí,
- Aisíocadh €500 maidir le cásanna ina raibh an t-iarratas ar fhaisnéis phearsanta mhionaoisigh nó dhuine nach maireann (alt 28(6),
- Aisíocadh €200 i gcásanna nár éisíodh an comhlacht poiblí athbhreithniú inmheánach laistigh den am a ceadaítear,
- Aisíocadh €825 i ndáil le híocaíochtaí iomarcacha.

Le linn na bliana ní raibh a fhios ag a lán iarratasóraí go raibh táille iníoctha maidir le hiarratas a bhain le hiarraidh rochtana ar thaifid "neamhphearsanta". I 127 gcás scríobh m'Oifig chuig an iarratasóir ag insint dó/di go raibh táille infheidhmithe. I 15 chás d'aistharraing an t-iarratasóir an eilimint 'neamhphearsanta' dá (h)iarratas agus thug le fios go raibh siad ag lorg rochtana ar thaifead/thaifid a raibh "faisnéis phearsanta amháin a bhaineann" leo ann. Mar sin, sna cásanna sin glacadh an t-iarratas ar athbhreithniú gan táille.

ATHBHREITHNIÚ AR BHREITHEANNA
Le linn na bliana rinne mé athbhreithniú ar 628 mbreith de chuid comhlachtaí poiblí. I dtéarmaí athbhreithnithe próiseáilte ag m'Oifig, léirigh sé sin laghú de 14 faoin gcéad ar an ráta críochnaithe cásanna do 2003. Tá roinnt fáthanna lena mínitear an laghdú seo mar an atreorú acmhainní chun an Tuarascáil Imscrúdaithe a chur i gcrích agus mar nach raibh fáil ar bhaill foirne imscúdaithe tábhachtacha de bharr cúiseanna pearsanta. Ar thosach na bliana, bhí iomlán de 796 athbhreithniú idir lámha agus glacadh le 333 cinn bhreise le linn 2004. Is é an líon iomlán athbhreithnithe a bhí idir lámha ag deireadh 2004 ná 501.

AM A CHAITEAR LE HATHBHREITHNITHNE A CHRÍOCHNÚ
Chríochnaigh m'Oifig 628 n-athbhreithniú i 2004. As na 628 athbhreithniú, cásanna a fuarthas i 1999 a bhí i dhá cheann díobh, cásanna a fuarthas i 2000 a bhí i 17 gcinn díobh, cásanna a fuarthas i 2001 a bhí i 98 gcinn díobh, cásanna a fuarthas i 2002 a bhí i 25 cinn díobh agus cásanna a fuarthas i 2003 a bhí i 367 gcinn díobh. Is é a bhí sna 121 athbhreithniú eile a críochnaíodh ná cásanna a fuarthas i 2004.

Foráiltear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil athbhreithnithe le m'Oifig le críochnú a luaithe is indéanta agus, chomh fada agus is féidir, tráth nach déanaí ná ceithre mhí ó fháil an iarratais.

Fuarthas agus glacadh le 293 iarratas i 2004 agus críochnaíodh 121 díobh sin le linn na bliana. Críochnaíodh 72 nó 60 faoin gcéad de na hathbhreithnithe seo laistigh den sprioc ama a fhóráiltear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

TORADH ATHBHREITHNITHE
Ní raibh eisiúint breitheanna foirmiúla mar thoradh ar gach ceann de na hathbhreithnithe a críochnaíodh: scoradh de chuid díobh, tarraingíodh siar cuid díobh agus cuireadh socrú i gcrích i gcuid eile díobh.

BREITHEANNA FOIRMIÚLA
Le linn 2004, d'eisigh mé 405 bhreith fhoirmiúil, méid a sheasann do 64% de na cásanna go léir a ndearnadh athbhreithniú orthu. I 375 (93%) de na cásanna seo, dhearbaigh mé cinneadh an chomhlachta phoiblí agus d'athraigh mé an bhreith sa chuid eile. Cuirtear sin i gcomparáid le 270 (83%) cinneadh a dearbhaíodh i 2003 agus 166 (76%) i 2002. Sa mhéid go bhfuil an figiúr sin tar éis méadú 10 faoin gcéad don bhliain seo agus 20 faoin gcéad thar dhá bliana, d'fhéadfaidh é sin a chur i leith líon ard na n-achomharc a bhaineann le Scoileanna Saothair agus Ceartúcháin. Baineann cion maith de na hachomhairc seo le cinnidh ag comhlachtaí poiblí nach ann do na taifid nó nach bhfuil fáil orthu tar éis gach beart réasúnach a bheith glactha chun a fháil amach cá bhfuil siad. I ndiaidh imscrúdaithe ar na cásanna sin ag m'Oifig bhí cinneadh an chomhlachta phoiblí dearbhaithe i bhformhór mór na gcásanna.

SOCRUITHE
Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise foráiltear gur féidir liom, ag aon chéim le linn athbhreithnithe, iarracht a dhéanamh socrú a chur i gcrích idir na páirititihe ar na taifid atá le scaoileadh. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé go dtoileodh na hiarratasóiri fócas an athbhreithnithe a chúngú trí chomhanotú ar thaifid a eisiamh nach gcuirfidh aon luach nó nach gcuirfidh ach beagán luach leis an bhfaisnéis atá á lorg acu. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé

go gcomhaontófaí go scaoilfí taifid bhreise lasmuigh de raon na hiarrata bunaidh gan gá le breith fhoirmiúil uaimse sa chás. Mar is gnách, spreagfainn comhlachtaí poiblí, le linn dóibh déileáil le hiarratais, chun dul i mbun plé díreach le hiarratasóirí d'fhonn teacht ar shocruithe sna cásanna sin ina bhfuil géilleadh iomlán don iarraidh neamhdhóchúil.

Le linn 2004, socraíodh 32 chás. Sin 5 faoin gcéad de na hathbhreithnithe a críochnaíodh le linn na bliana i gcomparáid le 21 faoin gcéad i 2003 agus 25 faoin gcéad i 2002. D'fhéadfaí roinnt de, ach ní iomlán de, seo a mhíniú le líon na gcásanna institiúdacha ar déileáladh leo le linn 2004 nach raibh soshocraithe.

FIOSRUITHE GINEARÁLTA AR DHÉILEÁIL M'OIFIG LEO
Bhí 17 cuairteoir pearsanta, 259 fiosrú i scríbhinn agus 1,024 fiosrú bealach teileafóin le m'Oifig i 2004 ar déileáladh leo faoin earnáil fiosruithe ginearálta. Baineann an chuid is mó díobh seo le hiarratais ar fhaisnéis faoi m'Oifig nó faoi oibriú an Achta chomh maith le nithe lasmuigh de mo shainchúram mar Choimisinéir Faisnéise.

FÓGRAÍ REACHTÚLA
Comhoibríonn formhór na gcomhlachtaí poiblí go hiomlán le m'Oifig i ndáil le soláthar taifead agus ráiteas cúiseanna. Táim an-bhuíoch as an leibhéal ard comhoibrithe seo.

Tá sainfhorálacha san Acht i ndáil le taifid agus faisnéis a chur ar fáil don Choimisinéir Faisnéise. I measc nithe eile, cuireann alt 37 ar mo chumas ceangal a chur faisnéis agus/nó taifid a thabhairt ar aird agus dul isteach in áitreabh atá á áitiú ag comhlacht poiblí. Ar an dul céanna, cuireann alt 35 ar mo chumas ráiteas cuimsitheach cúiseanna a fháil de bhreitheanna a thugtar faoin Acht ag comhlachtaí poiblí.

Le linn 2004, eisíodh sé fhógra san iomlán faoi alt 37 agus ceann amháin faoi alt 35. Cuirtear é seo i gcomparáid le ceithre cinn agus dhá cheann, faoi seach, i 2003, agus 12 cheann agus 3 cinn, faoi seach, i 2002.

Fógraí a Eisíodh faoi alt 35 agus alt 37 chuig Comhlachtaí Poiblí i 2004

Comhlacht Poiblí	Alt 37	Alt 35
Comhairle Cathrach Chorcaí	1	0
Comhairle Baile Nás na Rí	1	0
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais	1	0
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnais agus Athchóirithe Dlí	1	0
Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha	1	0
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	1	0
Ollscoil Luimnigh	0	1
Iomlán: 2004	6	1
Iomlán: 2003	4	2
Iomlán: 2002	12	3

DEIMHNITHE ARNA N-ÉISIÚINT AG COMHLACHTAÍ POIBLI FAOIN ACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE
I ndiaidh leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise tá an fhéidearthacht ann go n-eiseoidh comhlachtaí poiblí áirithe deimhnithe anois faoi thrí alt dhifriúla den Acht. Tríd is tríd, le heisiúint deimhnithe dá leithéidí i ndáil le taifead lamháiltear do chomhlachtaí poiblí diúltú rochtana ar an taifead sin a thabhairt i ndiaidh iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Faoi ailt 19, 20 agus 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise foráiltear go dtabharfar don Choimisinéir Faisnéise tuarascáil ina sonraítear líon na ndeimhnithe sin a eisíodh, más ann.

ALT 19

Faoi alt 19 déantar cosaint ar thaifid a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComh-aireacht. I ndiaidh leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise i 2003 folaíonn an sainiú ar Rialtas, in imthosca áirithe, coiste oifigeach arna ndeimhniú ag an Ard-Rúnaí don Rialtas. Faoi alt 19(4) den Acht foráiltear go dtabharfaidh an tArd-Rúnaí don Rialtas gach bliain tuarascáil i scríbhinn don Choimisinéir ina sonraítear líon na ndeimhnithe a d'eisigh sé nó sí. Tá curtha in iúl dom ag an Ard-Rúnaí don Rialtas nach bhfuil aon deimhnithe dá leithéidí eisithe aige i 2004.

ALT 20

Faoi alt 20 den Acht díolmhaítear ó scaoileadh taifid áirithe a bhaineann le próisis phléite comhlachta phoiblí. Faoi alt 20 lamháiltear d'Ard-Rúnaí Roinne Stáit deimhniú a eisiúint i scríbhinn á dhearbhú go bhfuil "ábhar sa taifead áirithe a bhaineann le próisis phléite Roinne Stáit". I ndiaidh comhairliúchán le gach Ard-Rúnaí tá curtha in iúl dom nár eisíodh aon deimhnithe faoi alt 20 i 2004.

ALT 25

I gcás go bhfuil Aire den Rialtas sásta go bhfuil taifead díolmhaithe de bhun alt 23 (maidir le forfheidhmiú an dlí nó sábháilteacht an phobail) nó de bhun alt 24 (maidir le slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus, i gcás go bhfuil an tAire sásta go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromaí chun gur chóir dó nó di déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí, trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 25(1), a dhearbhú go bhfuil an taifead sin díolmhaithe ó fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ní mór d'aon Aire a eisíonn deimhniú dá leithéid tuarascáil a chur ar fáil dom gach bliain ina sonraítear líon na ndeimhnithe a d'eisigh sé nó sí sa bhliain roimhe agus na forálacha d'alt 23 nó 24 den Acht um Shaoráil Faisnéise a raibh feidhm acu leis an taifead díolmhaithe nó leis na taifid dhíolmhaithe. Ina dhiaidh sin, tá iallach orm faoi alt 40(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise cóip d'aon tuarascáil dá leithéid a chur mar fhoscríbhinn le mo Thuarascáil Bhliantúil den bhliain inar eisíodh an deimhniú nó na deimhnithe.

Cé nár eisigh aon Aire aon deimhnithe nua i 2004, cuireadh ar an eolas dom gur athnuaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dhá dheimhniú ar an 20 Feabhra 2004 agus ar an 24 Márta 2004, faoi seach, ar feadh dhá bhliain eile. Cuirim i gceangal cóip den deimhniú in Aguisín I.

FEASACHT AN PHOBAIL AGUS DEA-CHLEACHTAS A CHUR CHUN CINN

Le linn 2004, bhuail mé féin agus m'fhoireann le grúpaí éagsúla chun plé a dhéanamh ar choincheap na Saorála Faisnéise agus ar chur chuige na hOifige seo i leith athbhreithnithe a chur i gcrích. Lean m'Oifig ag cur le cúrsaí oiliúna le haghaidh cinnteoirí Saorála Faisnéise ar fud na statseirbhíse poiblí a ritheann an Lárionad Forbartha um Bainistíocht agus Eagrúchán sa Roinn Airgeadais. Thug Coimisinéir Faisnéise na hAlban, Mr Kevin Dunion, Mr Warren Jones, Rúnaí Cúnta na Comh-aireachta (Polasaí), Rialtas Bermuda, Ms Marie Anderson, Coimisinéir Faisnéise Cúnta na Ríochta Aontaithe le freagracht as Tuaisceart Éireann, agus Ms Natasa Pirc Musar, Coimisinéir Rochtana ar Fhaisnéis Phoiblí, Poblacht na Slóvéine cuairteanna orm. Bhuail m'fhoireann le rannpháirtithe ó thíortha i mbéal forbartha a d'fhreastal ar chúrsa an IPA ar Shaoráil Faisnéise d'fheidhmeannaigh rialtais sinsearacha, baill den Rúnaíocht um Bunreacht & Parlaimint de chuid Feidhmeannacht na hAlban agus, ghlac páirt i gComhdháil na Saorála Faisnéise i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath freisin.

Thug mé aighneachtaí ag Comhdháil Shaorála Faisnéise i mBéal Feirste, a reachtáil Coimisinéir Faisnéise Thuaisceart Éireann, ag an 10ú Comhdháil na Meán Cleraun in Inis, ag seoladh an 3ú eagrán den Iris Dlí Ar-líne Chorcaí, agus, ag seoladh Suirbhé-Thuarascáil ar Mhuinín as Institiúidí Poiblí MORI Éireann.

SCOILEANNA SAOTHAIR AGUS LEANAÍ I GCÚRAM AN STÁIT

I dTuarascáil na bliana seo caite, mhínigh mé gur bhronn an Roinn Sláinte agus Leanaí conradh le haghaidh chríochnú na chéad chéime dá Thionscadal RTIG ("Rochtain ar Thaifid Institiúideacha agus Ghaolmhara"), ina chruthófaí bunachar sonraí – an Innéacs Ainmneacha – ina mbeadh ainm gach duine a dtagraítear dó sna taifid chúraim leanaí atá i seilbh na Roinne.

Ag tús 2004, bhí níos mó na 150 iarratas ar athbhreithniú idir lámha maidir le hiarchónaitheorí scoileanna saothair agus institiúidí eile, a raibh moill curtha ar a gcríochnú go dtí go raibh an tionscadal RTIG tosaithe. Nuair a d'éirigh líon iarratas den tsórt sin follasach, chomhoibrigh m'fhoireann ar bhonn leanúnach leis an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar a dul chun cinn leis an tionscadal RTIG, chomh maith le sásúlacht na gcuardach a dhéanann an Roinn ar thaifid ábhartha a mheas. Ag tráth scríobh m'thuarascála, de bharr dul chun cinn na Roinne i gcruthú an Innéacs Ainmneacha, tá riaráiste na n-iarratas cineál RTIG idir lámha ag m'Oifig réitithe.

Thairis sin, táim sásta tabhairt faoi deara go bhfuil súil ag an Roinn go mbeidh an Innéacs Ainmneacha críochnaithe go luath i 2006.

Spreagfainn an Roinn dul chun cinn sa tionscadal seo a choinneáil, toisc tábhacht an Innéacs Ainmneacha, agus an Tionscadail RTIG i gcoitinne, do phearsain a chaith a gcuid blianta múnlaithe i gcúram an Stáit. Thairis sin, cé gur thit líon na n-iarratas den chineál sin go maith sa bhliain seo caite, tá sé ar intinn ag m'fhoireann monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na Roinne leis an Innéacs Ainmneacha, agus ar an Tionscadal RTIG, ar bhonn rialta.

ATHBHREITHNIÚ AR AN SUÍOMH GREÁSÁIN

Tá a fhios agam nach amháin acmhainn eolais suíomh gréasáin eagrais ach, in aghaidh na huaire, gur doras ar, agus páirt lárnach de, ghnó an eagrais é. Tugtar san áireamh an fíric seo i bPleananna Gnó m'Oifige, i dtionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta atá faoi shiúl faoi láthair, agus i súilíochtaí cliant comhlachtaí poiblí. Sa chomhthéacs sin, thionscain mé athbhreithniú ar shíomh gréasáin Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) ag grúpa oibre inmheánach le linn 2004. Rinne an grúpa suíomhanna gréasáin oifig an Ombudsman agus oifig Rúnaíochta an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a athbhreithniú freisin. Chuathas i gcomhairle le gach síntiúsóir le nuacht Ghréasáin an OCF, lena n-áirítear saoránaigh leasmhara, oibrithe faisnéise, dlíodóirí agus iriseoirí, chomh maith le cleachtóirí Saorála Faisnéise, agus baineadh ráta freagartha ard amach. Fuarthas aighneachtaí ó Ghrúpa Oibre Idir-rannach na Saorála Faisnéise agus ó Ghréasán Usáideoirí na Seirbhíse Poiblí. Bhí "úsáideoirí saineolacha" i gcoitinne an-sásta le hInnéacs Breitheanna an tSuímh ach aimsíodh roinnt ceisteanna inúsáidteachta d'úsáideoirí nach saineolaithe iad.

Mhol an grúpa athbhreithnithe go ndéanfaí leasaithe ar an suíomh i réimsí an inúsáidteachta, inrochtaineacht do gach úsáideoir, daoine le míchumais san áireamh, áis aimsithe, agus ailtireacht fhaisnéise. D'aimsigh an grúpa freisin riachtanas le infheidhmíocht feabhsaithe i soláthar na Gaeilge i gcomhthéacs an Achta um Teangacha Oifigiúla 2003. Glacadh go hiomlán le moltaí an ghrúpa agus foilsíodh iarratas ar thairiscintí le hath-fhorbairt agus le hath-dhearadh an tsuímh ar www.etenders.ie ar an 11ú Feabhra 2005. Táthar ar intinn go gcuirfí an ath-fhorbairt i gcrích i gcomhairle le húsáideoirí agus le hábhar úsáideoirí shuíomh an OCF. Réimse tosaíochta is ea inrochtaineacht don shuíomh gréasáin nua dá bhfuil súil agam a bheidh ann faoi dheireadh 2005.

ACHOMHAIRC LEIS AN ARD-CHÚIRT

Féadfaidh páirtí in athbhreithniú, nó aon duine eile a ndéanann mo bhreith difear dó nó di, achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí. I ndiaidh leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise 2003 níl breith na hArd-Chúirt críochnaitheach a thuilleadh agus is féidir í a achomharc leis an gCúirt Uachtarach.

Le linn 2004, tionscnaíodh sé achomharc san Ard-Chúirt. Faoi thréimhse luath 2005, tarraingíodh ceann de na hachomhairc sin siar agus bhí na cúig cinn eile ag feitheamh lena n-éiseacht. D'eisigh an Ard-Chúirt breithiúnas i gcúig chás a bhí ar feitheamh i 2004; díobh siúd, rinneadh achomharc ar cheithre cinn díobh (ceann ag m'Oifig) leis an gCúirt Uachtarach. Tarraingíodh ceann díobh siar ina dhiaidh sin. Amhail ar an 31 Nollaig 2004, bhí trí achomharc ar bhreitheanna ar feitheamh breithiúnais ag an Ard-Chúirt agus cúig cinn eile ar feitheamh éisteachta ag an Ard-Chúirt.

BAINISTÍOCHT TAIFEAD

Cosúil le gach eagras, braitheann m'Oifig ar thaifid chun a ghnó a dhéanamh. Is riachtanach iad taifid le haghaidh feidhmithe éifeachtaigh agus táirgiúlaigh m'Oifige. Déantar taifid m'Oifige breitheanna a rinneadh agus gníomhartha a cuireadh i gcrích a dhoiciméadú agus feidhmíonn siad mar chaighdeán gur féidir gníomhaíochtaí agus breitheanna sa todhchaí a thomhas leo. Tá bainistíocht maith taifead fite fuaite le trédhearcacht mhéadaithe, le cuntasacht agus le rialú corparáideach maith.

Thagair mé i mo Thuarascáil Bhliantúil deireanach d'athbhreithniú, a thosaigh i 2003, ar na socruithe laistigh de m'Oifig do choinneáil agus chomhdú na dtaifead leictreonach agus cruachóipe go léir. Tá dul chun cinn sunstasach déanta maidir le sin. Go luath i 2004, ceapadh Imscrúdaitheoir ó m'Oifig mar Bhainisteoir Taifead ar bhonn páirt-aimseartha agus tugadh faoi ollchóiriú roinnt bunachar sonraí atá ann.

Foilsíodh Lámhleabhar ar Bhainistíocht Taifead mí na Samhna 2004. Sular foilsíodh é, bhuail baill foirne m'Oifige le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí agus leis an gCartlann Náisiúnta á fháil a n-aontú dul ar aghaidh ar an mbonn a léirítear sa Lámhleabhar.

Tá miontreoirlínte sa Lámhleabhar d'fhoireann uile m'Oifige ar conas doiciméid agus cineálacha eile taifead a phróiseáil, a choinneáil agus a scrios. Tá an Lámhleabhar ar Bhainistíocht Taifead le feiceáil ar www.oic.ie

SOLÁTHAR FOIRNE

Ag deireadh 2004 bhí a comhlánú iomlán de dhá imscrúdaitheoir déag ag m'Oifig. Le linn na bliana, áfach, d'aistrigh duine de na chéad Imscrúdaitheoirí a tháinig chuig an Oifig, Roisín Connolly, go hOifig an Ombudsman agus guím gach rath uirthi ina ról nua. Ina theannta sin, tháinig beirt Imscrúdaitheoir nua in ár bhfoireann: Marie O'Brien agus Maria Dunne.

Caibidil 3

SAINCHEISTEANNA A THÁINIG CHUN SOLAIS

RÉAMHRÁ

Le bliain anuas tháinig roinnt saincheisteanna chun solais i ndáil le hoibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise, ag tógaint san áireamh próiseáil iarratas ag comhlachtaí poiblí, na slite ina ndéileálann m'Oifig le hathbhreithnithe chomh maith le fachtóirí seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mar a leanas atá na saincheisteanna a phléitear sa Chaibidil seo:

- Athbhreithnithe Fadhbacha
- Bainistíocht Taifead
- Rochtain ar Thaifid
- Breithiúnais de chuid na hArd-Chúirte
- Achtuithe a bhaineann le Neamhnochtadh Taifead

ATHBHREITHNITHE FADHBACHA

Is í mo phríomh-fheidhm faoin Acht athbreithnithe a dhéanamh ar bhreitheanna Saorála Faisnéise a rinne comhlachtaí poiblí. Tá mo chuid breitheanna bunaithe ar mheascán d'obair imscrúdaithe agus ar mheas cásanna a dhéanann páirtithe leis an athbhreithniú. Tá sraith nósanna imeachta curtha i gcrích ag m'Oifig l'athbhreithnithe a dhéanamh a meastar go bhfuil siad cuí i bhformhór na gcásanna (féach "Lámhleabhar Alt 16" atá ar fáil ach é a iarraidh nó ar www.oic.ie). Cé go bhfuil na nósanna imeachta seo cóir, agus go gcomhlíonann siad riachtanais an chirt bhunreachtúla/nadúrtha, tá siad neamhfhoirmiúil ina gcur chuige. Cé go bhfuil sé de cheart ag iarratasóirí agus comhlachtaí poiblí comhairleoirí dlithiúla a bheith acu a stiúrfaidh a gcás dóibh, is é mo thaithí gur féidir le bainteacht triú páirtí moilleanna a chur agus uaireanta go gcuireann sí costais gur féidir nach bhfuil gá leo ar na páirtithe.

D'ainneoin an chuir chuige is fearr liom de neamhfhoirmiúlacht in athbhreithniú a chur a gcrích, forálann an Acht um Shaoráil Faisnéise le réimse leathan cumachtaí chun athbhreithnithe nó chun imscúdú a chur i gcrích go héifeachtach. Faoi alt 37, féadfaidh mé dul isteach in áitreabh comhlacht poiblí (gan barántas) agus a éileamh go gcuirfí aon fhaisnéis nó thaifid ábhartha ar fáil dom. Féadfaidh mé aon taifead dá bhfuil ag comhlacht poiblí a bhaineann le m'athbhreithniú nó imscrúdú a scrúdú nó cóipeanna a dhéanamh de. Ina theannta sin, foráiltear faoin Acht go mbeidh duine a theipeann comhlíonadh le m'athbhreithnú nó a chuireann bac nó toirmeasc orm le linn athbhreithnithe nó imscrúdaithe ciontach as cion agus go mbeidh siad freagrach i bhfíneáil nó priosúnacht nó an dá rud.

Tá mé sásta a rá go gcomhoibríonn formhór mór na gcomhlachtaí poiblí go hiomlán agus go tapaidh le mo chuid athbhreithnithe. Go hiondúil, tá leisce intuigthe ar m'Oifig a gcuid cumhachtaí reachtúla láidre a ghairm toisc gur féidir go gcuirfí isteach ar na caidrimh an-mhaithe atá againn agus muid ag déileáil le formhór mór na gcomhlachtaí poiblí. Bíonn deachrachtaí maidir le líon beag cásanna áfach i bhfaisnéis nó taifid a fháil atá de dhíth orm chun mo chuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Le linn na bliana seo caite, d'eisigh mé sé fhógra faoi alt 37 do cheannasaí comhlachta poiblí ag éileamh scaoileadh faisnéise agus/nó taifid. Ar an dul céanna, faoi alt 35 den Acht, uair amháin nuair a mheas mé nach raibh ráiteas cúiseanna sásúil, d'ordaigh mé an ceannasaí i gceist ráiteas i scríbhinn a sholáthar á leagan amach aon fhaisnéis eile maidir leis na ceisteanna á n-athbhreithniú.

Ní raibh sé de chleachtas agam trácht ar na cásanna sin go mion mór san am atá caite. Ach, toisc an chuir chuige a ghlac na comhlachtaí poiblí i gceist, roghnaigh mé trácht mion go leor ar dhá chás ar leith.

An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais Sráid Holles - Cás 030830

Bhain Cás Uimh. 030830, ar eisigh mé breith air le déanaí, le taifid a bhain leis an bhFiosrúchán Scrúdú Iar-Bháis (an Fiosrúchán Dunne) atá i seilbh an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais. Áiríodh sna taifid aighneachtaí an Ospidéil don Fhiosrúchán, a chomhfhreagras leis an bhFiosrúchán agus le triú páirtithe. Ní raibh taifid leighis othar marbh ná comhfhreagras lena neasghaol curtha san áireamh i scóip an athbhreithnithe. Ag tarraingt airde

ar an gcás seo, níl sé i gceist agam fionnachtain an athbhreithnithe a thabhairt chun suntais seachas aird a dhíriú ar (a) iompar an Ospidéil maidir le soláthar taifead - ábhar an athbhreithnithe - do m'Oifig agus (b) an cur chuige a ghlac an tOspidéal maidir le conas mar is ceart dom an t-athbhreithniú a chur i gcrích.

Ar an dá scór, sílim go raibh seasamh an Ospidéil ag titim go maith faoi chaighdeán an réasúnachais a bheifeá ag súil leis ó cheart ó chomhlacht maoinithe go poiblí ag gabháil do phróiseas le hoifig reachtúil mar oifig an Choimisinéara Faisnéise. Rachfainn chomh fada agus a rá gurbh ionann iompar an Ospidéil sa chás seo agus toirmeasc a chur ar obair m'Oifige i gcur i gcrích a cuid feidhmeanna. Nochtadh an toirmeasc seo ar na bealaí a leanas: i moill gan údar i soláthar do m'Oifig na taifid a bhí i gceist san athbhreithniú; in iarraidh réamh-choinníollacha a chur roimh don Ospidéal aontú comhoibriú le m'athbhreithniú; i nglacadh cur chuige áibhirseoiriúil agus caismirteach ina dhéileáil le m'Oifig maidir leis an athbhreithniú. Tá sé ag dó na geirbe dom go raibh an tOispidéal, agus é ag déanamh a chuid gnó le m'Oifig ar an mbealach seo, tá gach cosúlacht ann, ag tarraingt costas dlí nach beag agus nár gá lena bhformhór, a bheidh sa deireadh thiar thall ar an gcáiníocaitheoir le n-íoc.

Chun críche a mhíniú conas mar a bhí difear suntasach idir taithí m'Oifige leis an gcomhlacht poiblí seo agus an rud normálta i gcúrsaí mar seo, is gá sraith na n-eachtraí a leagan amach mion go maith.

Ar an 31 Iúil 2003, d'iarr m'Oifig ar an Ospidéal cóipeanna na dtaifead - ábhar an athbhreithneithe - a sholáthar dom, laistigh den ghnáth-fhráma-ama de dhá sheachtain, sé sin, faoi 15 Lúnasa 2003. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh, agus bhí a fhios go maith ag an Oispidéal, go raibh tóir ar na taifid chun chur ar chumas m'Oifige leanacht ar aghaidh leis an athbhreithniú; ní tharlaíonn sé go deo go soláthróidh m'Oifig na taifid a bhfuil achrann acu fúthu don iarratasóir Saorála Faisnéise. Ar an 14 Lúnasa 2003 fuaireamar litir ón Ospidéal ag argóint i dtaca lena bhreith Saorála Faisnéise diúltú do na taifid; ach ní dhearna sé aon tagairt do na taifid a sholáthar do m'Oifig, agus níor soláthraíodh iad ach oiread. Ar an 18 Lúnasa 2003 chuir m'Oifig glaoch gutháin ar an Ospidéal chun a chur i gcuimhne dó gur ghá na taifid a sheoladh; agus an lá céanna, scríobhamar chuig an Ospidéal arís ag cur an riachtanais seo i gcuimhne dó agus ag cur spriocdháta nua do na taifid a sholáthar. Ar an 26 Lúnasa 2003, fuaireamar glaoch gutháin ó aturnaetha an Ospidéil. Dhíospóid na haturnaetha ábhar an teagmháil seo ina dhiaidh, ach thuigeamar go raibh na haturnaetha ag rá go raibh siad ag diúltú don iarratas na taifid a sholáthar. Ar an lá céanna, labhair m'Oifig ar an nguthán le Rúnaí-Bhainisteoir an Ospidéil a raibh cuma air nach raibh a fhios aige gur dhiúltaigh a chuid aturnaetha na taifid a sholáthar. Níos déanaí ar an lá céanna, chuir aturnaetha an Ospidéil faics chuig m'Oifig ag rá go raibh níos mó ama de dhíth chun ár riachtanas, go soláthrófaí na taifid, a mheas agus ag rá go raibh sé ar intinn acu comhairle Abhcóide a fháil. Cé go raibh ábhairín iontais orainn go raibh gá ag comhlacht poiblí tuairim Abhcóide a fháil ar cheist ghnáthaimh de thaifid – ábhar m'athbhreithne - a sholáthar do m'Oifig, shíníomar fós féin an spriocdháta go dtí an 9 Meán Fómhair 2003. B'é sin an tríú spriocdháta a shocraigh m'Oifig.

Ar an 9 Meán Fómhair 2003 fuaireamar teachtaireacht fhada ar faics ó aturnaetha an Ospidéil, a d'argóin, inter alia,go raibh na taifid faoi phribhléid. Níor soláthraíodh na taifid ach labhair aturnaetha an Ospidéil faoi chomhréiteach a lorg ina bhfaighfidh m'Oifig rochtain ar roinnt de na taifid ach ar bhonn srianta. Ní raibh sé sin inghlactha ag m'Oifig. I rith na 14 lá ina dhiaidh sin tharla sraith de theagmhálacha ar faics agus ar guthán idir m'Oifig agus aturnaetha an Ospidéil; seoladh cóipeanna de theagmhálacha lárnacha ó m'Oifig go Máistir agus go Rúnaí-Bhainisteoir an Ospidéil. Níor fhreagair, agus níor admháil, an Máisitir ná an Rúnaí-Bhainisteoir na teagmhálacha seo. Toisc nár sholáthair an tOspidéal na taifid d'ainneoinn trí spriocdhátha ar leith a shocrú, agus toisc nach rabhthas in ann leanacht ar aghaidh leis an athbhreithniú in éagmais na dtaifead, mheas mé gurbh ionann seasamh an Ospidéil, mar a d'ionadaigh na haturnaetha é, agus toirmeasc. Sna cúinsí sin, chinn mé ar an ceann is cumhachtaí, b'fhéidir, de na cumhachtaí a bhronn an tOireachtas orm a ghairm, is é sin, an ceart dul isteach in áitreabh a áitíonn comhlacht poiblí agus scrúdú a dhéanamh ar, agus cóipeanna a thabhairt de, thaifid atá i seilbh comhlachta phoiblí. Ar an 12 Meán Fómhair 2003, chuireamar in iúl don Ospidéal agus a chuid aturnaetha go raibh baill foirne as m'Oifig chun cuairt a thabhairt ar an Ospidéal ar an 23 Meán Fómhair 2003 at 10.00 r.n. chun críche na taifid i gceist a athbhreithniú agus, más gá, cóipeanna díobh a thógáint amach. D'insíomar don Ospidéal go bhféadfaí an chuairt a thabhairt ar cheachtar de dhá bhealach: ar bhonn comhaontaithe leis an Ospidéal maidir lena chomhoibriú nó, de rogha air sin, ar bhealach cleachtaithe mo chuid cumhachtaí faoi alt 37(2) den Acht um Shaoráil Faisnéise a fhoráiltear do cheart dul isteach in áitreabh a áitíonn comhlacht poiblí, mar a léirítear thuas.

Ónar bunaíodh í mí Aibreáin 1998, ní raibh ar m'Oifig brath ar an gceart seo dul isteach in áitreabh. Léirítear, le go raibh mé réidh an cumhacht sin a ghairm maidir leis an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, cé chomh dáiríre is a cheap mé go raibh teip an Ospidéil gan comhoibriú i gcur-i-gcrích an athbhreithnithe.

Sna laethanta go díreach roimh an spriocdháta de 23 Meán Fómhair 2003, bhí malartú eile comhfhreagrais le haturnaetha an Ospidéil, gan rath, ar mhí-ámharaí an tsaoil, ó thaobh ceiste rochtana m'Oifige ar na taifid a lorgadh a réiteach. Ar an 22 Meán Fómhair ar maidin chuir m'Oifig faics chuig aturnaetha an Ospidéil ag iarraidh orthu go n-iniseodh siad dúinn, faoi 3.00 i.n. an lá sin, cioca le comhaontú nó á bhrath ar mo chuid cumhachtaí reachtúla dul isteach a bheadh ár gcuairt ar an Oispidéal. Ag 2.47 i.n. ar an lá céanna sin, chuir aturnaetha an Ospidéil faics chuig m'Oifig "nach raibh malairt slí [againn] ach géilleadh le bhur gcuid éileamh. Níor cheart é seo a fhorléiriú mar aon admháil maidir leis seo." D'aontaigh an tOspidéal cóipeanna de na taifid a chur ar fáil dom níos deireannaí sa lá sin - rud a ndearnadh - ach rinne aturnaetha an Ospidéil soiléir go raibh sé seo á dhéanamh acu ar bhonn éigeantais, faoi mar a thuigeadar an scéal.

Le linn a chuid teachtaireachtaí le m'Oifig maidir le soláthar na dtaifead i gceist, d'iarr aturnaetha an Ospidéil arís agus arís eile gealltanais go ndéanfaí m'athbhreithniú ar mhodh ar leith, go gcuirfí comhairle ar pháirtithe áirithe eile i rith an athbhreithnithe agus go bhfreagrófaí m'Oifig ceisteanna áirithe roimh don athbhreithniú a chur ar aghaidh. Rinne m'Oifig soiléir é gurbh é an cheist láithreach soláthar na dtaifead, nárbh fhéidir an t-athbhreithniú dul ar aghaidh gan iad; maidir le stiúradh an athbhreithnithe, rinneamar soiléir é gur cheist don Choimisinéir na nósanna imeachta le haghaidh athbhreithniú a stiúradh ach gur féidir leis an Ospidéal a bheith sásta go leanfadh na nósanna imeachta seo riachtanais nósanna imeachta córa. Tríd is tríd, níorbh fhéidir liom an chonclúid a sheachaint go raibh tarraingt anuas an Ospidéil na ceisteanna nóis imeachta seo, agus a iarracht de réir cosúlachta réamh-choinníollacha a leagan síos dá chomhoibriú leis an athbhreithniú, ceaptha chun toirmeasc agus moill a chur ar an athbhreithniú sin.

Sa chás seo, is cosúil gur thug an tOspidéal dá gcuid aturnaetha an tasc chun déileáil le riachtanais m'Oifige maidir leis an athbhreithniú. Tuigim go m'fhéidir go mbeadh gá le sin i dtéarmaí aighneachtaí dlithiúla a ullmhú ar na ceisteanna substaintiúla le meas san athbhreithniú. Tá sé deacair dom glacadh leis go dtarraingeodh comhlacht poiblí a chuid aturnaetha isteach sa cheist ghnách go leor de thaifid a chur ar fáil a chuirfí ar chumas an t-athbhreithniú a thosú. Go deimhin, nuair a tháinig gnáth-mhioncheisteanna anuas i rith an athbhreithnithe, maidir le ceisteanna mar uimhriú taifead áirithe, b'iad na haturnaetha seachas Feidhmeannach Saorála Faisnéise an Ospidéil, mar is gnách, a dhéileáil leo. Is é cleachtas m'Oifige go stiúrtar athbhreithnithe ar bhonn cúistiúnach seachas ar bhonn áibhirseoireach. Ar an drochuair, is cosúil nár thuig an tOspidéal agus a chuid aturnaetha an fíric seo agus ghlac siad cur chuige a chreidim gur chur chuige áibhirseoireach é ní amháin maidir leis an iarrastóir bunaidh, ach, rud suntasach, leis an údarás breithnithe (m'Oifig). Don todhchaí, creidim go mba cheart don Ospidéal machnamh a dhéanamh ar nádúr na dtreorach a thugann sé dá chuid aturnaetha. Ba cheart dó, freisin, machnamh a dhéanamh an bhfuil sé ceart dó costais a chaithfidh sé go raibh siad substaintiúil a tharraingt air in aturnaetha a fhostú chun feidhmiú ar a shon ar bhealach a chuireann bac, seachas a chabhraíonn, le próiseas na Saorála Faisnéise san iomlán.

Comhairle Baile Nás na Rí - Cás 030520
I gCás 030520 b'iad na taifid á iarraidh cinn a bhain le comhaontú idir Comhairle Baile Nás na Rí agus comhlacht forbartha ar thairiscint tailte áirithe a aistriú go úinéareacht poiblí a d'éirigh as próiseas an Phlean Fhorbartha. Ina bhreith athbhreithnithe inmheánaigh scaoil an Chomhairle taifead amháin agus mhaígh sí nach raibh aon taifid sa bhreis ina seilbh aici.

Sa chás seo, bhí ar m'Oifig dua maith a chaitheamh chun a fháil ón gComhairle an fhaisnéis riachtanach chun an t-athbhreithniú a chur i gcrích agus chun mé a chur ar mo chumas teacht ar an tuairim an raibh breith na Comhairle inmhaite nó ná raibh. B'é sásúlacht an chuardaigh, d'aon taifid sa bhreis, an cheist lárnach san athbhreithniú seo. Go háirithe, thug m'Oifig aird na Comhairle ar b'fhéidir go raibh taifid ábhartha i seilbh comhairleoirí dlí na Comhairle agus go mba cheart iad siúd a sholáthar lena meas.

Tharla sé nár sheiceáil an Chomhairle lena cuid aturnaetha an raibh taifid ábhartha i seilbh. Ina leith sin, déanann Alt 2(5) soiléir go bhfuil tagairt do thaifid faoina stiúr san áireamh i dtagairt do thaifid i seilbh chomhlachta phoiblí. Míníodh don Chomhairle cé acu an raibh na taifid le scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise nó nach raibh, nó, cinnte, an raibh siad go léir faoi scóip an iarrata, gur cheist do m'Oifig í sin, agus go raibh an fhaisnéis á iarraidh riachtanach chun an t-athbhreithniú a dhéanamh. Mar a tharla, bhí taifid ábhartha i

seilbh aturnaetha na Comhairle agus scaoileadh iad sa deireadh.

Sa chás céanna, bhí ar m'Oifig dul thar ba ghnách dúinn a bheith ag súil lena dhéanamh inár gcuid iarrachtaí chun faisnéis a fháil atá riachtanach chun an athbhreithniú a dhéanamh. Ba ghá an-chuid ama go deo a chaitheamh ar thóir na bearnaí a ceapadh gurbh fhéidir a bheith ann sna taifid i seilbh, agus seirbheáladh fógraí reachtúla ar an gCléireach Baile agus ar aturnaetha na Comhairle sula rabhamar sásta go raibh na taifid go léir curtha ar fáil.

Gheall an Chomhairle do m'fhoireann go raibh a comhoibriú iomlán ar fáil riamh agus i gcónaí agus dúirt go ndearna sí "a seacht ndícheall" chun iarratais m'Oifige ar fhaisnéis a chomhlíonadh. É sin ráite, tá sé soiléir ó shraith an chomhfhreagrais nár freagraíodh ceisteanna sainiúla, lárnach do shásúlacht chuardach na dtaifead a mheas, chomh tapaidh agus chomh críochnúil agus a bheinn ag súil leis. Tá an staid seo níos mealltaí arís nuair a thugtar san áireamh gur tharraingíomar aird na Comhairle, inár gcéad fhógra don Chomhairle gur ghlacamar leis an iarratas ar athbhreithniú, ar Threoirlínte ar Shásúlacht Chuardaigh a d'fhoilsigh m'Oifig; chuireamar in iúl don Chomhairle freisin go mbeadh cóipeanna de chomhfhreagras ábhartha go léir, é sin a bhí i seilbh comhairleoirí dlí na Comhairle san áireamh, á éileamh. Thairis sin, ar gach céim den athbhreithniú, mhínigh an tImscrúdaitheoir i gceist go mion don Chomhairle an fhaisnéis bheacht á héileamh agus na cúiseanna lena héileamh.

D'aontaigh an Chomhairle do scaoileadh a lán de na taifid a raibh ina seilbh agus ar ghlac sí a raibh faoi scóip an athbhreithnithe. Dúirt sí gur ghlac sí go raibh easnaimh ina córas bainistíochta taifead maidir leis an ábhar seo agus dúirt sí go raibh gníomhartha á ndéanamh chun córas feabhsaithe a chur i bhfeidhm.

BAINISTÍOCHT TAIFEAD
Ó ceapadh san Oifig seo mé, cuirim béim go seasta ar an méid a chuireann córais éifeachtacha bainistíocht taifead le spriocanna iomlána an Achta um Shaorála Faisnésie a bhaint amach. Cé gur thóg roinnt comhlachtaí céimeanna chun a gcuid córas bainistíochta taifead a fheabhsú, tá faighte amach agam go bhfuil roinnt contrárachtaí i measc comhlachtaí poiblí éagsúla agus go bhfuil lochtanna maidir le cleachtas bainistíochta taifead fós ann.

TAIFID DOCHTÚIRÍ LEIGHIS GINEARÁLTA
Nuair a chóireálann dochtúir leighis ginearálta (DG) othair le cárta leighis, tá taifid leighis othar den chineál sin clúdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise. Is í an chúis leis sin ná go gcóireálann DG-anna na hothair seo faoi chonradh do sheirbhísí leis an mbord sláinte ábhartha, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) anois. Foráiltear faoi alt 6(9) den Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil taifid an duine a sholáthraíonn seirbhísí do chomhlacht poiblí faoi chonradh do sheirbhísí, chomh fada agus a bhaineann na taifid leis an tseirbhís sin, measta a bheith i seilbh chomhlacht phoiblí. Mar sin, tá taifid DG de shealbhóir cárta leighis measta a bheith i seilbh an FSS agus is féidir iad a iarraidh, ón FSS, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

In ár dTuarascáil Bhliantúil do 2001, d'aithníomar roinnt lochtanna maidir le bainistíocht taifead DG-anna. D'aithníomar na lochtanna seo le linn déileála le hathbhreithnithe a d'iarraidh othair le cártaí leighis a bhí mí-shásta le méid na dtaifead a soláthraíodh dóibh. I dTuarascáil 2001 tharrangaíomar aird ar an bhfíric gur cosúil nár iarraidh an Roinn Sláinte agus Leanaí, ná na boird sláinte, go ndéanfadh DG-anna aon shocruithe ar leith maidir le taifid leighis a choinneáil d'othair le cártaí leighis. Rialaítear an caidreamh idir DG-anna agus an FSS le conradh caighdeánach agus cé go dtagraítear ann do thaifid dochtúra, teiptear leis aon riachtanais ar leith a shocrú. Thugamar faoi deara I dTuarascáil 2001 nach bhfuil aon riachtanas ar leith maidir le cineál na dtaifead le coinneáil (seachas gur ceart do DG-anna "taifid sásúla dochtúra" a choinneáil); aon riachtanas maidir leis an tréimhse ba cheart do thaifid a choinneáil; agus aon riachtanas maidir le conas deileáil le taifid othar marbh. Cé go dtagraítear sa chonradh caighdeánach do shocruithe nuair a fhaigheann conraitheoir DG bás, nuair a scorann sé nó sí nó nuair a éiríonn sé nó sí as a p(h)ost, nó ón scéim GMS, níl na socruithe seo an-sainiúil agus, ar aon nós, is cosúil nach bhfuil meicníocht chuí fhorfheidhmithe leo.

Cé go bhfuilim cinnte go gcoinníonn a lán DG-anna taifid shásúla agus go bhfuil cleachtais bhainistíochta cearta acu, éiríonn sé sin ó ghairmiúlacht agus as stuaim an dochtúra ginearálta aonair féin seachas as aon shocruithe conarthach á fheidhmiú go seasta ag gach dochtúir chárta leighis. Is í ár dtaithí fós í, bunaithe ar bheith ag déileáil le hathbhreithnithe go bhfuil baint ag taifid DG-anna leo, gur foinse fhrustrachais agus achrainn don a lán sealbhóirí cárta leighis agus a gclanna an t-easpa caighdeán agus socruithe. Táim cinnte go bhfáilteofaidh DG-

anna le soiléireacht maidir le céard atáthar ag súil uaibh sa réimise seo.

Anois go bhfuil ionad na mbord sláinte réigiúnach glactha ag an FSS, b'fhéidir go bhfuil an t-am ceart tagaithe chun tabhairt faoi cheist choinneála taifead na DG-anna (socruithe aistrithe idir DG-anna san áireamh) go cuimsitheach. Ba cheart aon shocruithe den tsórt sin a bheith mar chuid den chonradh caighdeánach faoina chóireálann DG-anna othair le cártaí leighis.

ROCHTAIN AR THAIFID LEIGHIS

Tharraing mo réamhtheachtaí aird ar roinnt uaireanta ina raibh deacrachtaí ag daoine den phobal rochtain a fháil ar a gcuid taifead leighis ó ospidéil. Táim páirteach san imní seo agus tá a fhios agam go maith an tábhacht le hothair a bheith in ann a gcuid taifead leighis a rochtain ar mhodh tapaidh agus éifeachtach. Léiríonn na cásanna seo a leanas roinnt de na deacrachtaí a tháinig sa bhealach ar iarratasóirí maidir leis seo.

Ospidéal Naomh Séamais - Cás 010215

Léirítear le Cás Uimhir 010215, a bhaineann le hiarraidh ar rochtain ar thaifid leighis i seilbh Ospidéal Naomh Séamais, an mearbhall agus an mhoill a tharla de bharr an mhodh inar láimhseáladh an t-iarraidh. Dhéileáil an tOspidéal le heilimintí an iarratais lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise. Rinne an t-iarratasóir soiléir é, áfach go raibh sí ag cur isteach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Tar éis chomhfhreagrais fhada thar a lán míonna, chuir an tOspidéal in iúl don iarratasóir nach raibh fáil ar a gcuid taifead agus faoi dheireadh, ghlac m'Oifig lena iarratas ar athbhreithniú. Chuir mé i gcuimhne don Ospidéal gur féidir le hiarratasóirí úsáid a bhaint as a gcearta reachtúla faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise fiú nuair atá gnáth-rochtain nó rochtain riarthach ar thaifid ar fáil.

Sa chás seo, bhí an t-iarratasóir in ann dátaí ligin isteach, uimhir othair agus faisnéis ábhartha eile a sholáthar chun cabhrú lena chomhad nó cairt a aimsiú. Ar an drochuair, d'ainneoinn cuardaigh eile a rinne an tOspidéal tar éis do m'Oifig é sin a iarraidh air, níor thángthas ar chás-chomhad an othair. D'inis an tOspidéal dom gur aithin sé sa tréimhse ónar thug sé faoi deara go ndeacaigh na taifid as amharc go raibh feabhsuithe de dhíth ar a chóras do thaifid othar a bhainistiú agus a aisfháil.

Ospidéal Adelaide agus na Mí (Tamhlacht) - Cás 040177

Tarraingíodh ceisteanna anuas le Cás 040177 maidir le sásúlacht nósanna imeachta cuardacha agus bainistíochta taifead ag comhlachtaí poiblí. Chuir an tOspidéal in iúl don iarratasóir sa chás seo nach raibh fáil ar thaifid leighis a máthar éagtha. Ag freagairt ceisteanna ó m'Oifig, liostáil an tOspidéal céimeanna cuardaithe a bhí cuimsitheach de réir cosúlachta ar shean-taifid Ospidéal na Mí, an áit gur cheart taifid an othair seo a bheith lonnaithe. Bhí na taifid ar iarraidh gan aon mhíníu loighiciúil leis.

D'ainneoin leisce a bheith air ar dtús, thoil an tOspidéal dul i dteagmháil leis an lia comhairleach ar scor a chóireáil an t-othar, féachaint an raibh aon eolas aige faoi na taifid. Ní raibh a fhios ag an lia comhairleach cén áit gurbh fhéidir na taifid a bheith ach thug sé an cás ar leith chun cuimhne agus thoil sé buaileadh leis an iarratasóir chun tinneas a máthar, nach maireann, agus a bás ina dhiaidh a phlé. Ghlac na t-iarratasóir leis an tairiscint seo agus bhí sí buíoch as cabhair an lia comhairligh ach fós ní raibh na taifid leighis ar iarr sí aici.

De bhun an cháis seo, thionóil an tOspidéal cruinniú de fhoireann ábhartha maidir lena nósanna imeachta bainistíochta taifead agus cuardaigh. Le linn an phlé seo, tháinig sé chun solais go raibh taifid an Aonaid Dian-Chúraim ó Ospidéal na Mí stóráilte ar leithligh ó na taifid agus cairteanna ginearálta. Ní raibh an fhoireann a rinne an chéad chuardach ar an eolas faoi sin. Cuardaíodh na comhaid seo agus fuarthas taifid mháthair an iarratasóra. Léirítear leis an gcás seo an fáth a leanann m'Oifig de cheisteanna a chur agus ag moladh céimeanna eile i 'gcásanna cuardaigh' a bhfuil an cuma orthu uaireanta go bhfuiltear ag dul thar fóir leo don chomhlacht poiblí ach go bhféadfaí torthaí maithe a fháil astu sa deireadh thiar thall.

BREITHIÚNAIS DE CHUID NA HARD-CHÚIRTE

Féadfaidh páirtí in athbhreithniú, nó aon duine eile a ndéanann mo bhreith difear dó nó di, athchomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Le linn 2003, thug an Ard-Chúirt breithiúnais i gcúig achomharc ar mo bhreitheanna. Tugaim achoimre thíos ar na príomhcheisteanna a bhí ann i gceithre cinn de na breithiúnais sin.

I gcoitinne, gabhann caiteachas mór acmhainní ag m'Oifig le hachomhairc ar mo bhreitheanna don Ard-Chúirt a fhreagairt. Tá na costais a tharraingítear, i dtéarmaí costas dlíthiúil agus ama foirne araon, an-mhór. I roinnt

cásanna ba ghá athbhreithnithe a chur ar fionraí ar feitheamh toraidh achomhairc ar bhain an pointe dlí céanna leis. Ag cuimhneamh ar an gcostas agus ar na hachmhainní a ghabhann le páirt a ghlacadh i gcásanna Ard-Chúirte, is é polasaí m'Oifige é féachaint le costais a aisghabháil i ngach cás ina dtugann na Cúirteanna breithiúnas i m'fhabhar.

Ospidéal Adelaide agus na Mí (Tamhlacht) - Cás 000128
Baineann an cás seo le rochtain ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar fhaisnéis phearsanta mionúr de réir ailt 28(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus airteagail 3(1) de An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Alt 28 (6)) Rialacháin, 1999.

Is é an cúlra ná gur chuir an t-iarratasóir, sa bhliain 2000, iarratas Saorála Faisnéise isteach don Ospidéal ag lorg rochtana ar thaifid leighis a iníne. Theip an tOspidéal breith a dhéanamh ar an iarraidh, agus ar an iarratas athbhreithnithe inmheánaigh, laistigh den tréimhse reachtúla agus d'achomharc an t-iarrastasóir an cheist don Choimisinéir Faisnéise ar an mbonn gurbh fhéidir teip an Ospidéil breith a dhéanamh laistigh den tréimhse reachtúla a mheas, de réir ailt 41 den Acht um Shaoráil Faisnéise, mar dhiúltú don iarratas. D'eisigh feidhmeannach údaraithe ag feidhmiú ar son an Choimisinéara Faisnéise breith ar an achomharc ar an 12 Lúnasa 2002. Dúirt an bhreith:

"Áit a bhfuil aon easaontas idir tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le scaoileadh taifead a bhaineann le mionaoiseach, is í tuairim an Choimisinéara nach ceart scaoileadh a ordú ach amháin nuair atá fianaise inláimhsithe ann go bhfreastlódh scaoileadh den chineál sin do leasanna is fearr an mhionaoisigh."

Sa chás seo, roinneann an t-iarratasóir coimeád agus caomhnóireacht an linbh le haint an linbh agus cónaíonn an leanbh go buan leis an aint, le rochtain mhaoirsithe ar an leanbh ag an iarratasóir. Thug an bhreith faoi deara go raibh aint an linbh go seasta i gcoinne scaoileadh na dtaifead agus chinn feidhmeannach údaraithe an Choimisinéara, tríd is tríd, nár chuir an t-iarratasóir fianaise i láthair go bhfreastlódh scaoileadh do leasanna is fearr an linbh. Chinn an feidhmeannach údaraithe nár shásaigh an t-iarratasóir an triail a bhforáiltear in airteagal 3(1) de na Rialacháin, is é sin, go bhfreastlódh rochtain ag an iarratasóir ar na taifid do leasanna is fearr an linbh, agus dhaingnigh breith an Ospidéil diúltú do rochtain ar na taifid i gceist.

D'achomharc an t-iarratasóir breith an Choimisinéara don Ard-Chúirt ar na forais go ndearna an Coimisinéir botún dlí ag teip scaoileadh na faisnéise a raibh á iarraidh a ordú agus gur mhífheidhmigh sí nó gur mhífhorléirigh sí forálacha ailt 28(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997. In a bhreithiúas ar an 14 Eanair 2004, fuair an tUas. Breitheamh Quirke i bhfabhar an iarratasóra; chinn sé, agus í ag sroicheadh a breithe sa chás seo, go ndearna an Coimisinéir:

"forálacha ailt 28(6) den Acht de 1997 agus Rialachán 3(1) de Rialacháin 1999 a mhífhorléiriú gan a aithint go raibh breitheanna tuismitheoirí mionaoiseach toimhdithe a bheith chun leasanna is fearr an mhionaoisigh sin in éagmais fianaise contrártha leis sin."

Dúirt an breithiúnas freisin: "níor cheart a éileamh go gcomhlíonfadh an t-achomharcóir dualgas den chineál aimsithe ag an bhfreagróir agus bhí an triail a bhain an freagróir feidhm as mícheart sna imthosca."

D'ordaigh an Breitheamh Quirke go dtarchuirfí an cheist don Choimisinéir le treorú go dtreorfadh an Coimisinéir don Ospidéal na taifid a scaoileadh.

D'achomharc an Coimisinéir Faisnéise breith na hArd-Chúirte agus táthar ag súil go n-éisteofar achomharc na Cúirte Uachtarach i 2005.

Radio Telefís Éireann - Cás 020336
Sa chás seo, d'iarr an t-iarratasóir ar Radio Telefís Éireann (RTÉ), sonraí a bailíodh ar an méid ama craolta raidió agus teilifíse a roinneadh ar gach aon pháirtí poilitíochta ar bhonn laethúil le linn feachtas an Olltoghcháin de 2002.

Baineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le feidhmeanna sonraithe ar leith de RTÉ mar a leagtar amach san Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2) Rialacháin, 2000 (I.R. Uimh. 115 de 2000). Sna rialacháin sin, leagann Sceideal 2 amach na feidhmeanna a thagann faoi réir an Achta; leagann

Sceideal 3 amach na feidhmeanna nach dtagann faoi réir an Achta. Foráiltear leis na rialacháin freisin go meastar nach bhfuil na feidhmeanna arna sonraítear i Sceideal 2 á n-áireamh ann aon cheann de na ceisteanna arna sonraítear i Sceideal 3. I mbeagán focal, is iad na feidhmeanna a chlúdaítear san Acht um Shaoráil Faisnéise bainistíocht, riarachán, gnó, cumarsáid agus déanamh conarthaí do sheirbhísí. Baineann Sceideal 3 le feidhmeanna cláraithe.

I mbeagán focal, chinn mo réamhtheachtaí go raibh na taifid iarraithe, a raibh ina dtaifid de shonraí ámha, clúdaithe faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Chinn sé go raibh na taifid i gceist cruthaithe agus i seilbh RTÉ i gcomhthéacs a fheidhm bhainistíochta a chur i gcrích i gcinntiú neamhchlaontachta i gcraoladh nuachta agus cúrsaí reatha (tagraítear in alt 3 den Acht um Chraolacháin 1976). Léirmhínigh sé na heisiamhanna ag Sceideal 3 go cúng, ag déanamh difear idir an "próiseas de chinnidh eagarthóireachta a dhéanamh" eisiata, a dúirt sé go n-áireofaí sonraí de phléanna ag cruinnithe eagarthóireachta ann, agus taifid bhreitheanna a glacadh, agus na sonraí nó faisnéis a bhraitheann ar a leithéid de phróiseas. Tar éis a fháil gur tháinig na taifid faoi scóip an Achta um Shaoráil Faisnéise, mheas an Coimisinéir a bhí ann san am an mbeadh nó nach mbeadh siad díolmhaithe ó scaoileadh faoi aon cheann dá fhorálacha. Chinn sé nár bhain aon cheann de na díolúintí leis an gcás agus chinn sé go gcaithfí na taifid a scaoileadh. D'achomharc RTÉ an bhreith leis an Ard-Chúirt.

Thug an tUas Breitheamh Aindrias Ó Caoimh a Bhreithiúnas Ard-Chúirte ar an 11 Meitheamh 2004. Ba é éifeacht a bhreithiúnais go gcaithfí na heisiamhanna ar na feidhmeanna sin de RTÉ a raibh clúdaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a léirmhíniú go leathan. Dúirt sé go raibh sé sásta go gcaithfidh na feidhmeanna ina raibh RTÉ clúdaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise "toisc an fhorála measta, a fhorléiriú cúng go leor". Dúirt sé go "gcomharthaíonn úsáid focal, mar an próiseas de chinnidh eagarthóireachta a dhéanamh, ciall leathan... nach raibh cúngaithe don chinneadh eagarthóireachta féin ach do chomhthéacs níos leithne an phróisis de chinnidh a dhéanamh." Mar fhocal scoir, dúirt sé go ndearna an iar-Choimisinéir botún dlí ina fhorléiriú ar na rialacháin á gcur i bhfeidhm ar fhíorais an cháis. Ceadaíodh d'achomharc RTÉ agus cuireadh breith an Choimisinéara ar ceal.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta - Cás 000238
I gCás 000238, dhearbhaigh an Ard-Chúirt go hiomlán mo bhreith rochtain a bhronnadh ar thuarascáil d'imscrúdú ar bhunscoil a rinne Cigirí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. D'achomharc Ardmháistir ar cheann de na scoileanna i gceist an bhreith don Ard-Chúirt.

Is é cúlra an cháis seo ná gur lorg The Irish Times rochtain ar thuarascálacha ar imscúduithe ar Bhunscoileanna áirithe a rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Dhiúltaigh an Roinn an t-iarratas ar an mbonn go raibh rochtain ar an bhfaisnéis toirmiscithe ag alt 53 den Acht Oideachais, 1998. Foráiltear faoi alt 53 den Acht go bhféadfaí rochtain a dhiúltú ar aon fhaisnéis a chuirfí ar cumas faisnéis a thiomsú maidir le conas mar a d'éirigh go hacadúil le mic léinn cláraithe sa scoil, .i. táblaí sraithe scoile mar dhea. Dhiúltaigh an Roinn freisin rochtain ar an mbonn gur sholáthair foireann na scoileanna faisnéis faoi rún do na Cigirí le linn a gcuid Imscrúduithe, go bhféadfadh nochtadh éifeachtach imscrúduithe sa todhchaí a dhochrú agus freisin go bhféadfaí cur isteach go dochrach ar a gcuid feidhmeanna a bhaineann lena mbainistíocht scoileanna.

Maidir le hábhar na dtuarascálacha, níor ghlac mé go bhféadfadh sé go dtiocfadh na dochair a shamhlaigh an Roinn as rochtain a fháil orthu. I mo bhreith thrácht mé cé gur thug na tuarascálacha imprisean ginearálta de na scoileanna, is soiléir nach raibh aon tagairtí iontu d'éachtanna acadúla mhac léinn na scoileanna. Lean orm agus chinn mé go raibh na tráchtanna sna tuarascálacha de chineál chomh ginearálta sin nach bhféadfaí comparáid go raibh ciall léi a dhéanamh idir na scoileanna. Níor ghlac mé go bhféadfaí faisnéis a tugadh faoi rún do na Cigirí a thabhairt ar an bhfaisnéis sna tuarascálacha toisc gur tuaraimí agus breathnuithe na gCigirí féin a múnlaíodh le linn cuairteanna ar na scoileanna a bhí sna tuarascálacha.

(Tá an t-achomharc ar bhreith na hArd-Chúirte éistithe ag an gCúirt Uachtarach agus táthar ag feitheamh leis an mbreithiúnas ag tráth na scríobhneoireachta)

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha - Cás 030036
San achomharc ar mo bhreith i gcás 030036, chinntigh an Ard-Chúirt prionsabal tábhachtach dlithiúil. D'agóid achomharcóir tríú páirtí, ag agóid scaoileadh tuarascála de chuid na Roinne ar an éifeacht a bhí ag gnó an pháirtí sin ar áis chósta áitiúil, láithreacht an Choimisinéara Faisnéise mar pháirtí fógra ag an éisteacht Ard-Chúirte. In a bhreithiúnas de 13 Eanáir 2004 (Uimh. 73 de 2003 MCA), mhaígh an tUas Breitheamh Murphy go

raibh an Coimisinéir Faisnéise i dteideal bheith ina páirtí leis na himeachtaí agus gur pháirtí riachtanach í.

Thionscain an t-achomharcóir achomharc leis an gCúirt Uachtarach ach tharraing siar an t-achomharc seo agus an t-achomharc substaintiúil níos luaithe leis an Ard-Chúirt araon agus d'íoc as cuid de chostais an Choimisinéara.

AN TOIREACHTAS AGUS ACHTUITHE MAIDIR LE NEAMHNOCHTADH TAIFEAD
Foráiltear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, in alt 32, go ndiúltófar rochtain ar aon taifead a bhfuil a nochtadh toirmiscithe, nó a bhfuil neamhnochtadh údaraithe i dtosca áirithe, le reacht (ionstraim reachtúil san áireamh). I dtosca ina bhfuil a leithéid de reacht liostáilte sa Tríú Sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise, déantar nochtadh taifead a mheas trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha eile an Achta um Shaoráil Faisnéise amháin.

Leantar dá fhoráil faoi alt 32 go ndéanfaidh Comhchoiste de na Tithe Oireachtais araon, sa chás seo, an Comhchoiste Airgeadais agus Seirbhíse Poiblí, feidhmiú gach forála rúndachta i ngach reacht a athbhreithniú chun a fháil amach ar cheart aon cheann de na forálacha féin a leasú, a aisghairm, nó a áireamh sa Triú Sceideal don Acht um Shaoráil Faisnéise. Mar chuid den athbhreithniú seo, caithfidh gach Aire a thuairsciú leis an gComhchoiste gach foráil rúndachta a áirítear sna achtaithe a thagann faoina réimsí údaráis faoi seach. Á dhéanamh sin, caithfidh gach Aire a t(h)uaraim a thabhairt ar cheart nó nár cheart na forálacha sin a leasú, a aisghairm nó a ligean dóibh a leanúint i bhfeidhm agus, de bhreis air sin, ar cheart aon tagairt do aon cheann de na forálacha sin a áireamh sa Tríú Sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise. Caithfidh gach Aire cóip dá t(h)uarascáil a chur faoi bhráid gach aon Tí den Oireachtas agus a sheoladh chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

Tá a leithéid de thuarascálacha dlite gach aon cúig bliana ó Aibreán 1999 (dáta an chéad tuarascála) agus, mar sin, bhí ceann dlite mí Bealtaine 2004. Chomh fada agus a bhain sé le tuarascáil 1999, chuaigh mo réamhtheachtaí i láthair an Chomhchoiste mí na Samhna 1999 nuair a thug sé a thuaraim agus a chuid conclúidí maidir le tuarascálacha na nAirí a soláthraíodh. Mí Iúil 2000, d'fhreastal Ard-Stiúrthóir m'Oifige ar chruinniú de fhochoiste an Chomhchoiste a bunaíodh chun an cheist a athbhreithniú níos mó.

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, tá sé d'iallach ar an gComhchoiste tuarascáil i bhfoirm scríbhinn ar an athbhreithníu oibriúcháin a ullmhú agus a sholáthar do gach Teach. Tá an tuarascáil seo le n-áireamh, má mheasann an Comhchoiste gur cuí é, a chuid moltaí maidir le, ar an gcéad dul síos, leasú, aisghairm nó leanúint i bhfeidhm aon fhorála rúndachta a tuaraiscíodh dó, agus, ar an dara dul síos, a chuid moltaí maidir le tagairt d'aon cheann de na forálacha seo a áireamh sa Tríú Sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise. Tuigim nar chuir an Comhchoiste tuarascáil den tsaghas sin os comhair an Oireachtais ag éirí as an athbhreithniú sa bhliain 1999.

Le linn 2004, fuair mé cóipeanna de thuarascálacha roinnt Airí á shású a n-oibleagáid faoi alt 32(3) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Bhí roinnt tuarascálacha amuigh faoi dheireadh na bliana. Tá na cóipeanna a fuarthas á scrúdú d'fhonn tuairsciú leis an gComhchoiste chomh luath agus is féidir i 2005.

Sílim gur foráil rí-thábhachtach den Acht um Shaoráil Faisnéise í alt 32. Sin í an fhoráil a choinníonn comhtháiteacht tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise go léir, á cinntiú go nglactar leis an dearcadh is fairsinge agus is eolasaí ar gach foráil de gach achtú a thoirmisceann nochtadh, nó a údaraíonn neamhnochtadh, taifead ar leith leis na taifead seo a mhionscrúdú os coinne chuspóir lárnaigh an Achta um Shaoráil Faisnéise, .i. "[cumasú] do dhaoine den phobal rochtain a bheith acu, a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta, chuig faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí ...".

Caibidil 4

BREITHEANNA I BHFOIRM LITREACH

INNÉACS NA GCEISTEANNA Á BPLÉ

Tuarascálacha Imscrúdaithe

- Cás 020533
- Cás 000103
- Taifid Éagaigh
- Cás 031001

Leas an Phobail

- Cás 000528
- Cás 031109

Suaibhreosach agus Cráiteach

- Cás 040004/040005

Taifid Rialtais

- Cás 030622

Stiúradh Taifead

- Cás 010147

S'éard atá ar intinn leis an gCaibidil seo pointí spéise do chomhlachtaí poiblí agus úsáideoirí Saorála Faisnéise araon a thabhairt chun suntais. Tá iomlán téacsanna na mbreitheanna seo agus breitheanna spéisiúla eile, agus sonraí aitheantais na bpáirtithe tógtha amach nuair ba ghá, ar fáil ag www.oic.ie

TUARASCÁLACHA IMSCRÚDAITHE

I rith 2004 bhí mórán plé maidir le cúram do dhaoine aosta sa tír seo. I mbreith 020533, a éisíodh mí Feabhra, mhol mé go gcuirfí Tuarascálacha Imscrúdaithe Tithe Altranais ar fáil mar ghnáthamh leis an bpobal i gcoitinne mar ghnáth-nós (de réir an chleachtais a ghlac an tÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Chigireacht Sheirbhísí Sóisialta). San am atá caite, shíl Boird Sláinte go raibh srian orthu a leithéid d'fhaisnéis a scaoileadh. Tá áthas orm a thuairsciú go bhfuil Bord Sláinte amháin ar a laghad, go bhfios dom, ag glacadh céimeanna chun a leithéid de thuarascálacha imscrúdaithe a chur ar fáil don phobal ar bhonn an ghnáthaimh. Tá súil agam go ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse
Sláinte nó Limistéir aonair d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte rud cosúil leis sin agus ag tabhairt mo chuid imchainteanna i gcás 000103 a bhaineann le asraonta bia san áireamh.

Bord Sláinte an Oirdheiscirt - Cás 020533

Lorg an t-iarratasóir rochtain ar thaifid a bhain le cumarsáideanna agus cinnidh fíorais ag Bord Sláinte an Oirdheiscirt faoi cheist a tharraing an t-iarratasóir anuas de bhun dhá mhionnscríbhinn mhionnaithe a shonraigh teagmhais ar líomhaineadh gur tharla siad i dteach altranais ina raibh máthair an iarratasóra ina cónaitheoir an tráth sin. Cuireadh san áireamh san iarrratas beagnach gach taifead i seilbh an Bhoird a dhéiléalann leis an Teach chomh maith le tuarascálacha imscrúdaithe tí altranais agus comhfhreagras eile a bhain leis an Teach. Theip ar an mBord breith a thabhairt laistigh den am forórdaithe. B'ionann é seo agus diúltú measta don iarratas. Ar an dul céanna, níor thug an Bord aon bhreith ag céim an athbhreithnithe imheánaigh. Tar éis teagmhála leis an Oifig seo, scríobh an Bord chuig an t-iarratasóir ag rá go raibh sé ag géilleadh rochtana ar thaifid áirithe/codanna de thaifid ach nach raibh sé sásta rochtain a sholáthar ar an gcuid eile de na taifid ná ar an gcuid eile de na codanna taifead eile

Mhaígh an Bord agus an Teach araon nár cheart cuid de na taifid a scaoileadh ar bhonn na híogaireachta gnó. Ar chaoi ar bith, fiú amháin nuair a fhaightear go bhfuil an díolúine seo infheidhmithe, forálann foráil eile do scaoileadh faisnéise atá íogaireach ó thaobh an ghnó de nuair atá a leithéid de scaoileadh chun leasa an phobail. I mo thuairim, tá leas pobail suntasach ann go mbeadh a fhios ag an bpobal conas mar a dhéanann boird sláinte imscrúduithe ar thithe altranais i gcásanna aonair agus go mbaineann feidhmeanna rialúcháin a

shanntar ar na boird cuspóir na reachtaíochta ábhartha amach. Dá bhrí sin, chinn mé nach raibh feidhm ag an díolúine íogaireachta gnó maidir le haon cheann de na taifid i gceist san athbhreithniú seo.

Tá faisnéis phearsanta faoi tríú páirtithe díolmhaithe ó scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Forálann an tAcht áfach do scaoileadh faisnéise pearsanta a bhaineann le tríú páirtithe nuair atá leas an phobail go ngéillfí leis an iarratas níos tábhachtaí ná ceart príobháideachais an indibhid/na n-indibhidí lena mbaineann an fhaisnéis. I mo bhreith, dúirt mé go raibh leas an-sunstasach an phobail ann go mbeadh faisnéis ag baill den phobal maidir le sochar, cáilíocht chúraim agus leibhéal na slándála agus measa a chuirtear ar fáil do bhaill níos sine agus níos soghonta den tsochaí a chónaíonn in institiúidí. Dúirt mé freisin go raibh leas láidir poiblí ann go méadófaí ar an oscailteacht agus ar an trédhearcacht den phróiseas imscrúdaithe gearán ag comhlachtaí poiblí, ach go háirithe nuair a bhaineann na gearáin le soláthar cúraim do dhaoine aosta nó soghonta. Ag meas na bhfachtóirí seo, atá i bhfabhar scaoilte na dtaifead i gceist, agus ag cuimhneamh ar an neamhchinnteacht maidir leis an mbealach ina dhéileáil an Bord leis na gearáin a rinne an t-iarratasóir, chinn mé go raibh argóintí leasa an phobail substaintiúla ag tacú le scaoileadh na dtaifead.

Ag meas na n-argóintí leasa an phobail i bhfabhar nochtadh faisnéise pearsanta tríú páirtithe, ní bhfuair mé bunús ar bith leis an argóin go n-éilíonn leas an phobail sárú cearta príobháideachais cónaitheoirí an Tí nó ball foirne an Tí. I gcás Dhílseánach an Tí, áfach, agus nuair a ghníomhaigh duine díobh mar an duine i gceannas, fuair mé go mbaineann go cinniúnach cúrsaí pearsanta na ndílseánach go suntasach ar an mbealach a d'fheidhmigh an Teach. Ba cheisteanna iad na cursaí pearsanta seo, ar a seal, a bhí ar an mBord a mheas i rith a gcuid imscrúduithe reachtúla agus a gcuid measúnuithe ar an Teach. Go cinniúnach, bheadh éifeacht mhór ag modh feidhmithe an Ti ar shláinte, shábháilteacht, mhothú slándála agus dhea-bhaile chónaitheoirí aosta, anbhanna agus (i roinnt cásanna) soghonta an Tí. B'é mo dhearcadh go raibh taifid áirithe a nocht faisnéis phearsanta na ndílseánach lárnach chun tuiscint a fháil ar conas mar a chuir an Bord a ghnó reachtúil i gcrích ag rialú agus ag imscrúdú an Tí. Feidhmíonn an dearcadh céanna maidir le tuiscint conas mar a dhéileáil an Bord leis na gearáin a rinne an t-iarratasóir. Chinn mé gur gá na taifid seo a scaoiledah chun pictiúr cuí a sholáthar ar conas mar a stiúir an Bord a chuid gnó agus go bhfónann soláthar an phictiúir chuí seo, i dtosca an cháis seo agus níos coitinní, do leas an-suntasach an phobail. Dá réir sin, chinn mé nár fheidhmigh an díolúine faoin Acht do na taifid sin cé chomh fada is a nochtann na taifid seo faisnéis phearsanta ar dhílseánaigh an Tí.

Chuir mé breith an Bhoird ar ceal sa chás áirithe seo agus d'ordaigh go mbronnfadh an Bord rochtain ar na taifid i gceist ar an iarratasóir.

Bord Sláinte an Oirthir - Cás 000103
D'iarr an t-iarratasóir rochtain ar thuarascáil de chuid iar-Bhord Sláinte an Oirthir (an Bord) ar a imscrúdú ar bhriseadh amach nimhiú salmonella i measc custaiméirí bialainne mearbhia. Dhiúltaigh an Bord do rochtain ar na taifid ar an mbonn go raibh an t-imscrúdú curtha i gcrích de bhun Ionstraim Reachtúla (I.R.) Uimh. 86 de 1998, agus go dtoirmisceann Airteagal 20 de I.R. Uimh. 85 de 1998 nochtadh faisnéise a fuarthas de bharr imscrúduithe á gcur i gcrích faoi I.R. Uimh. 86 de 1998.

Foráiltear faoi alt 32(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise go ndiúltófaí le hiarraidh ar thaifead sa chás "go dtoirmisctear le haon achtachán (seachas foráil i gcolún 3 den Triú Sceideal d'achtachána shonraítear sa Sceideal sin) an taifead lena mbaineann a nochtadh". Sonraítear leis an Tríú Sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise forálacha áirithe d'achtuithe éagsúla a thoirmisceann scaoileadh faisnéise, ach atá eisiaithe ó fheidhmiú ailt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Níl I.R. Uimh 85 de 1998 le fáil sa Tríú Sceideal den Acht um Shaoráil Faisnéise, agus mar sin, dar leis an mBord, baineann alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise le taifid a bhaineann le himscrúdú an áitribh i gceist. Le linn an athbhreithnithe, ghéill an Bord cuid den tuarascáil a scaoileadh agus, mar sin, bhí m'athbhreithniú cúngaithe don cheist an raibh diúltú scaoilte fuílleach na dtaifead de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise nó nach raibh.

Chuir mé san áireamh reachtaíocht áirithe maidir le sláinteachas bia agus rialú earraí bia; ina measc bhí: Treoir na Comhairle Eorpacha 89/397/EEC de 14 Meitheamh 1989 ar rialú oifigiúil earraí bia; Treoir 93/99/EEC de 29 Deireadh Fómhair 1993 faoi bhearta sa bhreis maidir le rialú oifigiúil earraí bia; Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Oifigiúil Earraí Bia), 1998 (Ionstraim Reachtúil [I.R.] Uimh. 85 de 1998), mar a leasaíodh é ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Oifigiúil Earraí Bia) (Leasú), 1999 (I.R. Uimh. 210 de 1999); agus Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Sláinteachas Earraí Bia), 1998 (I.R. Uimh. 86 de 1998).

Scrúdaigh mé foclaíocht na Rialachán Eorpach a n-airbheartaíonn I.R. Uimh. 85 de 1998 go dtugann sé éifeacht leis. Chinn mé nach raibh taifid ar chomhaid an Bhoird a bhain leis an gceist seo seachas an imscrúdú féin clúdaithe faoin bforáil neamhnochtadh de Airteagal 20 de I.R. Uimh. 85 de 1998. Chonclúidigh mé gurb é an tátal as foclaíocht Airteagail 12 de Threoir na Comhairle 89/397/EEC, maraon le foclaíocht brollach na Treorach (go gcaithfidh cearta dlisteanacha fiontair, mar rúndacht déantúsaíochta agus ceart achomhairc, a chaomhnú) gurb é cuspóir na Treorach, ina leith áirithe seo, ná a chinntiú: nach nochtfaidh imscrúdaitheoirí rúin trádála ná déantúsaíochta a bhfaigheann siad rochtain orthu le linn a gcuid feidhmiuithe a chuimsíonn riaradh a chur i gcrích, nach nochtfaidh imscrúdaitheoirí faisnéis a dhéanfaí dochar do cheart achomhairc na bpáirtithe lena mbaineann.

Is í mo thuairim go gcaithfidh léirmhíniú ceart d'Airteagal 20 de I.R. Uimh. 85 de 1998 a thabhairt san áireamh, ní amháin foclaíocht fhéin an Airteagail sin, ach freisin: ábhar na hIonstraime Reachtúla go hiomlán, achtú an Oireachtais den Acht FSAI, 1998 chomh maith le, agus go barrthábhachtach,
ábhar Treorach an AE a n-aistrítear é (tá an chuma ann) go dlí Éireannach ag an Ionstraim Reachtúil.

Thug mé faoi deara, ag forléiriú reachtaíochta intíre a chuireann dlí Eorpach i bhfeidhm, go bhfuil "ar chúirt cur chuige teleoloighciúil a ghlacadh i léirmhíniú an chéad chinn a luadh chun scéime agus cuspóra fíre an chinn deireanach a luadh a chur i bhfeidhm: Coastal Line Container Terminal Ltd v SIPTU [2000 HC] 1 IR 549, agus ELR 1 ag 11." (Murdoch's Irish Legal Companion, 2003) agus bhí mé sásta gurbh é an rud a bhí i gceist le ""scéim agus cuspóir fíor" Treorach Comhairle 89/397/EEC, chomh fada agus a bhaineann sé le neamhnochtadh faisnéise, ná toirmeasc ar nochtadh atá roinnt mhaith níos cúinge ná mar a thuigfí as léamh litriúil na bhfocal d'Airteagal 20 de I.R. Uimh. 85 de 1998. Dá bhrí sin, chinn mé gurb é an cur chuige ceart chun Airteagal 20 de I.R. Uimh. 85 de 1998 a léirmhíniú ná go bhfuil éifeacht aige cé chomh fada agus a chuireann sé forálacha na Treorach i bhfeidhm. Chinn mé nach gcuireann an Treoir toirmeasc ar nochtadh faisnéise a bhaineann le himscrúdú seachas ar fhaisnéis a nochtódh rún deantúsaíochta nó trádála, agus ar fhaisnéis a dhéanfadh dochar do cheart dlistineach achomhairc fiontair.

Chinn mé nach raibh toirmeasc ar fhuílleach na tuarascála a scaoileadh le I.R. Uimh. 85 de 1998 ná le Treoracha Comhairle 89/397/EEC agus 93/99/EEC agus, mar sin, nárbh fhéidir leis an mBord brath ar alt 32(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise i ndiúltú scaoilte fuílleach chodanna na tuarascála deiridh.

FAISNÉIS PHEARSANTA/TAIFID ÉAGACH
Foráiltear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise nach nochtfar faisnéis phearsanta (faisnéis a bhaineann l'éagach san áireamh) do tríú páirtí. Níl an chosaint a fhoráiltear faoin Acht daingean áfach agus foráiltear faoi roinnt forálacha eile, i dtosca áirithe, do scaoileadh faisnéise pearsanta do tríú páirtí. Forálann ceann díobh seo do scaoileadh taifead éagaigh nuair is duine é an t-iarratasóir "d'aicme a shonraítear sna rialacháin" déanta ag an Aire Airgeadais. Tugadh éifeacht do na rialacháin seo le hIonstraim Reachtúil Uimh. 47 de 1999.

Tá roinnt fachtóirí gur ceart do chomhlacht poiblí a mheas i ngach cás agus é ag breith an cuí na taifid a scaoileadh sna tosca. Forálann siad, i measc nitheanna eile, go ndéanfaí an cinnitheoir cosaint ar fhaisnéis phearsanta an éagaigh a chothromú i gcoinne ceart an iarratasóra an taifid a rochtain. Forálann siad freisin go meastar cineál na dtaifead, .i. má tá na taifid príobháideach go hinghreamaithe agus de chineál an-ghoilliúnach ní dóigh go scaoilfí iad ach amháin sa chás go bhfuil fáthanna dochloíte ann go scaoilfí iad. Comaoin eile an bhfuil nó nach bhfuil a fhios cérbh iad mianta an éagaigh maidir lena t(h)aifid phearsanta. Má tá sé tugtha le fios ag an éagach nach dtoilfeadh sé/sí le scaoileadh taifead pearsanta, caithfidh fáthanna dochloíte a bheith ann le mianta sainráite an éagaigh a iompú. Tá cineál an chaidrimh idir an iarratasóir agus an éagach, agus tosca an chaidrimh roimh bhás an éagaigh le meas. Deir Nótaí Treoracha a d'eisigh an tAire Airgeadais maidir leis seo:

"Caithfear ach go háirithe caidreamh (más ann dó) an iarratasóra leis an éagach a chur san áireamh. Mar shampla, más nuachar an t-iarratasóir, bheadh ceisteanna mar an raibh na páirtithe ina gcónaí le chéile, nó scartha nó ag gabháil d' imeachtaí dlithiúla, agus an raibh an caidreamh cairdiúil nó achrannach ábhartha."

Caithfidh gach cás a bhreithniú ar thuillteanais an cháis agus léiríonn an cás a leanas roinnt de na deacrachtaí gur féidir teacht orthu sa chatagóir seo iarrata.

An tOspidéal Máithreachais, Sráid Holles - Cás 031001
Bhí an t-iarratasóir sa chás seo ag iarraidh faisnéis a bhailiú faoina hathair, nach maireann, (a rugadh i 1906)

agus a chlann. Chaith an t-athair cuid mhaith de bhlianta le linn dó bheith ina pháiste in institiúid agus ní raibh mórán eolais ann faoina chúlra. D'iarr an t-iarratasóir ar an Ospidéal Máithreachais Sráid Holles, inar rugadh a hathair, faisnéis a léireodh an raibh deartháireacha nó deirfiúracha aige agus maidir le haois a mháthar nuair a rugadh é. Dhiúltaigh an tOspidéal don iarratas ar bhonn an phríobháideachais agus na tostaobhachta. Níor thagair an tOspidéal d'fhorálacha ar leith an Achta um Shaoráil Faisnéise a rialann scaoileadh taifid a bhainean le héagaigh (alt 28(6)) agus níor dhéileáil sé le forálacha leasa an phobail a gcaithfidh iad a mheas i gcónaí má ghairmtear na díolúintí seo mar bhonn diúltaithe an iarratais Saorála Faisnéise.

Roimh dom déileáil le díolúintí a d'éiligh an tOispidéal, tharraing mé aird an Ospidéil ar gur theip air déileáil go sásúil leis an ngné seo den chás ag rá gur mheas mé gurbh easnamh tábhachtach é agus locht dona sa phróiseas cinnteoireachta sa chás áirithe seo. Toisc gur dóichiúil go mbeadh iarratais ar fhaisnéis phearsanta ina chuid mhaith de líon iomlán iarratas Saorála Faisnéise a fhaigheann an tOispidéal, bheifeá ag súil go mbeadh an tOspidéal go hiomlán ar an eolas faoi fhorálacha búnúsacha an Achta.

Maidir le I.R. Uimh. 47 de 1999, a rinne an tAire Airgeadais faoi alt 28(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise, mheas mé an raibh ceart rochtana ag an iarratasóir faoin tríú catagóir d'iarratasóir arna sonraítear sna rialacháin .i. ar dhuine í a raibh sé measta gur "cuí" di na taifid a scaoileadh. Thagair mé do na Nótaí Treoracha a d'eisigh an tAire agus na moltaí ann maidir le fachtóirí gur ceart do chomhlacht poiblí a mheas ag cinneadh an cuí a leithéid de thaifid a scaoileadh sna tosca. Mar shampla, caithfear cearta príobháideachais an éagaigh agus ceart rochtana ar na taifid an iarratasóra a chothromú. Ba cheart cineál na dtaifead a mheas, chomh maith le mianta an éagaigh, má tá a fhios sin ann, i ndáil le scaoileadh a t(h)aifid.

Níor aontaigh mé le maíomhanna an Ospidéil. D'aimsigh mé roinnt tosca ar chreid mé go raibh sé réasúnta a thabhairt san áireamh sa chás áirithe seo. Ag cuimhneamh ar na tosca seo, chinn mé gur ceart an t-iarratasóir a mheas mar neasghaol lena raibh sé cuí, "ag cuimhneamh ar na tosca iomlána agus ar na treoracha ábhartha a chuimsigh agus a d'fhoilsigh an tAire" taifid leighis a athar a scaoileadh. Thrácht mé freisin gur féidir go mbeadh cásanna ann, toisc na tosca a mhaireann, ina measfaí nach raibh iarratasóir a bhí ina neasghaol gairid mar dhuine a bheadh measta go mbeadh sé cuí di nó dó "ag cuimhneamh ar na tosca iomlána agus ar na treoracha ábhartha a chuimsigh agus a d'fhoilsigh an tAire" taifid leighis éagaigh a scaoileadh.

LEAS AN PHOBAIL

Tá triail leasa an phobail sáraitheach le fáil ina lán díolúintí san Acht um Shaoráil Faisnéise. Caithfear a mheas an fearrde leas an phobail nochtadh taifid áirithe agus an sáraíonn an nochtadh seo an dochar nó gortú gur féidir a tharla de bharr nochtaithe den sórt sin. Ag meas fachtóirí leasa an phobail, is iondúil na hargóintí leasa an phobail a liostáil i bhfabhar agus i gcoinne scaoilte na dtaifead, meáchan a chur le gach ceann díobh, díriú isteach ar na cinn is tábhachtaí agus breith a thabhairt cá bhfuil cothroime leasa an phobail. Nuair atá caiteachas airgid phoiblí i gceist, táim den tuairim gur leas an phobail an-tábhachtach é leas an phobail in oscailteacht agus trédhearcacht i gcaitheamh airgid phoiblí atá i bhfabhar scaoilte faisnéise. Cé go soláthraíonn an córas atá ann cheana féin d'iniúchadh agus do mhionscrúdú sa tseirbhís phoiblí roinnt cosaintí, ní féidir leis a bheith ina argóint i gcoinne níos mó cosaintí, nochtadh poiblí de shonraí caiteachais phoiblí san áireamh. Is féidir le siarchoinneáil fhaisnéise cur le timpeallacht rúndachta nó le líomhaintí de laofacht, chaimiléireacht nó mhíbhainistíocht. Ceaglaítear le leas an phobail freisin go bhfeidhmíonn comhlacht poiblí go cothrom agus go bhfuil sé faoi réir mionscrúdaithe poiblí.

Tá sé ceart a rá nár tharraing, le blianta beaga anuas, mórán ceisteanna de pholasaí poiblí intire a leithéid d'aird agus d'imní, agus a raibh a leithéid de díospóireacht phoiblí fairsing fúthu, ná soláthar seirbhísí sláinte poiblí. Laistigh den tseirbhís sláinte phoiblí, bhí spéis barrthábhachtach i gceist na seirbhísí ospidéil. Creidim gur chun leasa an phobail go dtuigeann baill den phobail na deacrachtaí a mbíonn ag bainisteoirí cúraim sláinte a thabhairt fúthu – bainisteoirí atá, tar éis an tsaoil, ina seirbhísigh phoiblí atá ag iarraidh freastal ar leas an phobail – go háirithe agus iad ag iarraidh na spriocanna atá i gcoimhlint lena chéile de chleachtas is fearr a chinntiú agus den toradh is éifeachtaí a fháil ar chaiteachas poiblí ar shláinte a chothromú

Tá athruithe tagtha ó tugadh isteach Saoráil Faisnéise ar an mbealach in a dhéanann comhlachtaí poiblí a ngnó agus ar na comhaontaithe a dhéanann siad. Ag cuimhneamh ar thábhacht na hoscailteachta agus na cuntasachta sa tseirbhís phoiblí, agus ag cuimnhneamh ar an bhfíric go bhfuil an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 i bhfeidhm le níos mó ná seacht mbliana, táim sásta gur ceart do chomhlachtaí poiblí a bheith ar an eolas faoi fhorálacha an Achta. Lig l'achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise do scaoileadh, chun leasa an phobail,

faisnéis a bheadh, seachas sin, díolmhaithe agus léiríonn na cásanna seo a leanas an tábhacht a bhaineann le hoscailteacht agus le trédhearcacht.

An tUas John Burns agus Bord Sláinte an Oirthuaiscirt - Cás 000528
Tá imchainteanna úsáideacha sa bhreith seo ar an gceist an gcúngaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise cumas comhlachtaí poiblí comhaontuithe tostaobhacha a dhéanamh agus ar an gceist ghaolmhar leis ar cheart go bhfeidhmeoidh alt 26 nuair gur leasanna an chomhlachta amháin na leasanna atá le cosaint.

I Meán Fómhair 2000, d'aontaigh an Bord socraíocht as-cúirt a dhéanamh le comhairleoir lia Ospidéil sinsir a thionscain imeachtaí dlithiúla tar éis dó a bheith curtha ar scor riaracháin ag an mBord, a fhostóir. Bhain cúlra na díospóide le ceisteanna de neamhspleáchas cliniciúil, an cheist an raibh sé ar chumas an Bhoird tréimhse fanachta san Ospidéal othar an chomhairleora lia a chúngú san áireamh. Tharraing an díospóid aird mhór na meán agus aird eile agus bhí breithiúnas tugtha ag an Ard-Chúirt cheana féin ar an iarratas ag an gcomhairleoir lia ar urghaire idirbhreitheach chun srian a chur ar an mBord ó dhul ar aghaidh lena bhreith é a chur ar scor riaracháin. Bhi clásal tostaobhach san áireamh sna téarmaí socraíochta idir na páirtithe. Séard a bhí insan iarraidh Saorála Faisnéise ná rochtain ar shonraí "na socraíochta dlithiúla agus airgeadais a thángthas air" idir an Bord agus an comhairleoir lia.

Dhiúltaigh an Bord don iarraidh ar an mbonn go raibh an tsocraíocht a dtángthas uirthi tostaobhach mar a fhoráiltear sa chomhaontú; go ndéanfadh scaoileadh na dtaifead dochar suntasach do fheidhmiú feidhmeanna bainistíochta an Bhoird; go nochtódh scaoileadh na dtaifead seasaimh a tógadh chun críche na hidirbheartaíochta; agus gur scaoileadh faisnéis phearsanta faoin gcomhairleoir lia a bheadh i scaoileadh théarmaí na socraíochta. Ag an athbhreithniú inmheánach, dhearbhaigh an Bord an bhreith thosaigh leis na fáthanna a tugadh sa bhreith sin; bhraith sé freisin ar roinnt díolúintí breise: go raibh na taifid cosanta ag pribhléid ghairmiúil dhlithiúil agus dá nochtófaí na taifid, "bheifí ag súil go réasúnta go ndéanfaí dochar dó nó go lagfaí riaradh aon dlí". Le linn m'athbhreithnithe, d'fhéach an Bord le brath ar dhíolúintí faoin Acht a bhaineann le híogaireacht ghnó nó le hidirbheartaíocht a dhochrú.

Is é an fíoras lárnach a snigh trí mo bhreith ná go mbeadh scaoileadh na dtaifead ag achrann leis na téarmaí tostaobhacha a áirítear sa tsocraíocht idir an Bord agus an comhairleoir lia. Rinne mé soiléir é gur bhraith an bhreith chun géilleadh don iarraidh ar na fíorais agus na tosca a éiríonn sa chás áirithe seo; ní ionann í agus conclúid ghinearálta nach féidir le comhlachtaí poiblí a bheith ag súil go dtacódh clásail tostaobhacha nuair a lorgtar taifid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Rinne an bhreith soiléir é go mbeidh tosca ann ina mbeidh comhlacht poiblí ceart dualgas tostaobacha a ghlacadh agus go mbeidh sé in ann go mbeidh súil aige go gcosnódh an dualgas sin sa chás go gcuirfí isteach iarraidh Shaorála Faisnéise. Ag an am céanna, táim den tuaraim go gcuirean an tAcht um Shaoráil Faisnéise srian éigin ar cé chomh fada is atá comhlachtaí poiblí in ann comhaontuithe tostaobhacha a dhéanamh. Níor ghlac mé le haighneas an iarratasóra gur chuir an Bord, sa chás seo, an clásal tostaobhach leis an gcomhaontú féachaint le teacht timpeall ar an Acht um Shaoráil Faisnéise. Déanann an bhreith soiléir é áfach da mba rud é go bhfuair mé gur amhlaidh a bhí, "bheadh sé ina cheist an-tábhachtach ag meas ar cheart an fhaisnéis a scaoileadh chun leasa an phobail nó nár cheart".

I trí chinn de na díolúintí a ghairm an Bord - seachaint dochair do chomhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú a ngnó, cosaint fhaisnéise gnó íogaireach agus cosaint fhaisnéise pearsanta - tá triail leasa an phobail san áireamh gur féidir ar an mbonn sin an díolúine (má fhaightear go bhfeidhmíonn sé) a chur ar ceal. B'é mo dhearcadh gur chosaint fhaisnéise pearsanta amháin a fheidhmigh. Ach ar mhaithe leis an gcríochnúlacht, mheas mé na hargóintí leasa an phobail sa trí chás go léir.

Ba í an phríomh-argóint leasa an phobail a chuir an Bord, ag tacú lena dhiúltú don iarratas, cosaint cháil an chomhairleora lia atá fós ag cleachtadh go príobháideach. Aíríodh san hargóintí leasa an phobail a chuir an Bord: (1) seachaint dochair mhíchuí ar chomhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú a ngnó, agus (2) cosaint leasanna gnó dleathacha comhlachtaí príobháideacha. Sna tosca áirithe den chás seo, ina raibh an cosúlacht air ó iompar an chomhairleora lia i gceist nach raibh aon agóid aige ar ghéilleadh don iarraidh, agus nuair a bhí sonraí den díospóid sa réimse poiblí cheana féin, chonclúidigh mé nach raibh aon riachtanas láidir ó thaobh leasa an phobail cáil nó cearta príobháideachais an chomhairleora lia a chosaint. Ar an lámh eile de, d'aimsigh mé leas láidir an phobail i dtrédhearcacht agus i gcuntasacht i gcaitheamh airgid phoiblí; níor ghlac mé leis nach raibh gá le meicníochtaí eile toisc go raibh meicníochtaí sainiúla ann cheana féin. ("Cuireann an córas a mhaireann d'iniúchadh agus de mhionscrúdú roinnt cosaintí ar fáil ach ní argóint í sin i gcoinne chosaintí eile, nochtadh

poiblí na sonraí de chaiteachas poiblí san áireamh.") Thairis sin, tharraing mé aird i mo bhreith ar roinnt ceisteanna sainiúla a bhain leis an gcás; nár nochtadh téarmaí na socraíochta leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, ná leis an Cathaoirleach ná le baill den Bhord, agus ní raibh a fhios ag an t-iniúchóir seachtrach fúthu. Ag rá go soiléir nár bhonn iad na gceisteanna seo leis an mBord a lochtú, chinn mé gur thacaigh na ceisteanna breise seo le hargóint chun leasa an phobail a raibh an-láidir cheana féin i bhfabhar géillte don iarraidh. Ba í mo bhreith í go raibh leas láidir an phobail arna bhfreastal air le géilleadh don iarraidh níos láidre ná leas an phobail arna bhfreastal air le diúltú don iarraidh.

Maidir leis an gcomhaontú tostaobhach, chinn mé, sna tosca áirithe den chás seo, nárbh ionann scaoileadh sonraí téarmaí socraíochta ag an mBord agus sárú dualgais muiníne a raibh ag an mBord i leith an chomhairleora lia. Bhí na fionnachtain seo bunaithe ar an tátal a tharraing mé as iompar an chomhairleora lia le linn an athbhreithnithe. Seachas eisceacht beag amháin, roghnaigh an comhairleoir gan teagmháil a dhéanamh liom chun críche m'athbhreithnithe. Nuair a theip ar an gcomhairleoir lia mo chuiridh aighneas a dhéanamh i bhfoirm litreach a fhreagairt, scríobh mé chuige ag rá, sa chás go raibh sé i gcoinne scaoilte na dtaifead, bheadh mé ag súil go gcuirfeadh sé a leithéid in iúl dom; thairis sin, dúirt mé, sa chás go dteipfeadh air freagairt, mhothfainn saor a chonclúidiú nach raibh sé i gcoinne scaoilte na dtaifead leis an iarratasóir. Toisc nár fhreagair an comhairleoir lia leis an litir, chonclúidigh mé nach raibh an comhairleoir lia i gcoinne scaoilte na dtaifead agus nárbh ionann scaoileadh ag an mBord, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, agus sárú dualgais muiníne a bhí ag an mBord ar an gcomhairleoir lia.

I mo bhreith, thug mé faoin gceist an rabhthas ar intinn an díolúine do chomhaontú tostaobhachta a fheidhmiú mar chosaint ar leasanna comhlachta poiblí. Seo a leanas achoimre ar mo chonclúid:
"Ag cuimhneamh ar an Acht um Shaoráil Faisnéise ina iomláine, táim den tuaraim nach rabhthas ar intinn le halt 26 leasanna comhlacht poiblí amháin a chosaint; a mhalairt, tá an chosaint sin dírithe ar chomhlachtaí seachas comhlachtaí poiblí agus feidhmeoidh sé chun leasanna comhlacht poibli a chosaint ach amháin nuair atá na leasanna sin ag teacht le leasanna eile a gcaithfidh a chosaint. Tá gach leas riachtanach de chomhlachtaí poiblí á chosaint cheana féin le hailt 19 – 24 agus le hailt 30 agus 31."

Maidir leis na díolúintí eile a d'éiligh an Bord, chinn mé nár fheidhmigh aon cheann díobh. Sna tosca, chuir mé breith an Bhoird ar ceal agus d'ordaigh ina ionad gur cheart na taifid uile, arna aimsiú faoi scóip an iarrata, a scaoileadh leis an iarratasóir.

An Roinn Oideachais agus Eoláiochta - Cás 031109
Lorg an t-iarratasóir rochtain ar thaifid i ndáil leis an gcinneadh chun Colásite Oideachais do Eacnamaíocht Bhaile Naomh Caitríona a dhúnadh. Dhiúltaigh an Roinn rochtain ar na taifid ar an mbonn go raibh siad díolmhaithe faoi ailt 21(1)(b) agus 21(1)(c) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Níor dhéileáil an Roinn, ag aon chéim, leis na forálacha do leas an phobail in alt 21 a gcaithfidh a mheas i gcónaí nuair a ghairmtear 21(1) mar bhonn diúltaithe an iarrata Saorála Faisnéise.

Ag teacht ar bhreith díolúine faoi alt 21 a éileamh, caithfidh cinnitheoir, ar an gcéad dul síos, an acmhainn dochair gur féidir a éirí as nochtadh a aimsiú agus, agus an dochar sin aimsithe, réasúntacht aon chosúlachta go dtarlóidh an dochar a mheas. Níor shonraigh an Roinn an achmainn dochair ná ní raibh sé soiléir dom gur fheidhmigh an Roinn an rud gur féidir go réasúnta a thabhairt "feidhmeanna a bhaineann le bainistíocht" air. Maidir leis an díolúine á éileamh faoi alt 21(1)(c) fuair mé gur bhain na taifid i gceist le dúnadh an Choláiste agus nár nochtadh leo an idirbheartaíocht i leith na breithe sin. Sna tosca, chinn mé nár fheidhmigh aon cheann de na díolúintí in ailt 21(1)(b) ná 21(1)(c) sa chás seo.

Níor ghá dom comaoineacha leasa an phobail a mheas mar a cheanglaítear in alt 21(2), ach ar mhaithe leis an gcríochnúlacht rinne mé na comaoineacha leasa an phobail a mheas. Tá leas suntasach an phobail ann go mbeadh baill den phobail ar an eolas conas mar a chinntíonn comhlacht poiblí go bhfuil a chuid breitheanna bunaithe ar luach ar airgead a chinntiú; go mbeadh baill den phobail ar an eolas conas mar a chuireann comhlacht poiblí a chuid feidhmeanna i gcrích ach go háirithe i gcomhthéacs nuair atá iarmhairtí le breith do fhostaithe atá ann agus a dteaghlaigh, agus ag cinntiú go mbeadh oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht i ndáil le caitheamh airgid phoblí. D'aithin mé gur bhain na taifid á lorg le breith coláiste tríú leibhéal a dhúnadh agus gur breith í lena bhain impleachtaí an-mhóra don fhoireann atá ann agus do na mic léinn a bhféadfadh bheith ann sa todhchaí; agus is breith í, freisin, a bhfuil an chosúlacht uirthi go mbeadh impleachtaí suntasacha airgeadais don todhchaí don Státchiste. Sna tosca seo, chreid mé go raibh na hargóintí i bhfabhar na

hoscailteachta agus na cuntasachta go speisialta láidir agus, dá mba rud é go raibh gá le triail leasa an phobail a fheidhmiú, bheadh an ceann is fearr ag leas an phobail go ngéillfí leis an iarraidh.

Chuir mé breith na Roinne ar ceal agus d'ordaigh go ngéillfeadh an Roinn don iarratasóir rochtain a fháil ar na taifid i gceist.

SUAIBHREOSACH AGUS CRÁITEACH

Ligtear dom faoi alt 34(9)(a)(i) athbhreithniú a scor ar an mbonn go bhfuil an t-iarratas le m'Oifig suaibhreosach nó cráiteach. Cé gur scoir mé d'athbhreithnithe san am áta caite ar bhonn na cráiteachta (030406 ar www.oic.ie), chinn mé i gCásanna 040004 & 040005 mo dhiscréid a fheidhmiú scor d'athbhreithniú ar an mbonn go raibh an t-iarratas 'suaibhreosach'.

An tUasal X agus an Institúid Teicneolaíochta - Cásanna 040004 agus 040005

Bhí an tUasal X tar éis iarrtha ar m'Oifig athbhreithniú ar bhreith na hInstitiúide diúltú do roinnt imchainteanna a rinne ball den fhoireann i dteachtaireacht ríomhphoist agus i meabhrán a leasú. Chruthaigh an ball foirne an teachtaireacht agus an meabhrán mar fhreagra ar ghearáin de chuid an Uas. X faoin Institiúid. Ina iarratas, d'iarr an tUas. X go ndéanfaí cúig imchaint ar leith a leasú. I measc na leasuithe á lorg bhí athrú ar chur síos ar litir ghearáin an Uas. X ó "thuaraisc" ina raibh "...sraith líomhaintí" go "aighneachtaí ina raibh gearáin" agus ar úsáid an nath "ass-protecting" a cuireadh i leith an Uas. X nuair a mhaígh an tUas. X go ndúirt sé "CYAing".

Scoir mé de m'athbhreithniú ar an mbonn go raibh an t-iarratas suaibhreosach i ndáil le ceithre cinn de an leasuithe á lorg. (Chinntigh mé breith na hInstitiúide i ndáil leis an leasaithe eile). Ag teacht ar mo bhreith dom, chuimhnigh mé ar shainmhíniú an fhocail 'suaibhreosach', ar nádúr an leasaithe á lorg, agus ar an éifeacht a bheadh ag an leasú ar bhrí an taifid. Thrácht mé sa chás seo nach n-athródh na leasuithe á lorg substaint ná brí an ábhair ar chor ar bith nó, ar a mhó, go ndéanfadh siad difear rímhion ar conas mar a bhí an fhaisnéis leagtha amach.

Tá mo bhreith sa chás seo faoi láthair á hachomharc leis an Ard-Chúirt.

TAIFID RIALTAIS

Fergus O'Dowd T.D. agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil - Cás 030622

Bhain an cás seo le hiarraidh ó bhall den Oireachtas rochtain a fháil ar thaifid a bhaineann leis an Straitéis Spásúil Náisiúnta (SSN). Dhiúltaigh an Roinn do iarraidh faoi alt 19 (taifid an Rialtais). Le linn an athbhreithnithe, d'aontaigh an t-iarratasóir dréachtanna den SSN a fhágáil amach as scóip a iarrata toisc gur shoiléir gur fheidhmigh alt 19 leo. Chúngaigh sé a iarraidh freisin don fhaisnéis neamh-fhíorasach i bhfuílleach na dtaifead i gceist. Áiríodh sna taifid i gceist Meabhráin Rialtais agus aighneachtaí eile, taifid a chur le dréachtanna a cuireadh faoi bhráid an Rialtais, taifid an Rialtais, ábhar mionteagaisc, nótaí de phlé ag cruinniú Rialtais, taifid a bhain leis an gCoiste Stiúrtha Idir-rannach (CSI), agus taifid de chumarsáideanna idir baill an Rialtais.

Ghlac mé, cé nár cuireadh go dearfa na Meabhráin don Rialtas uile faoi bhráid an Rialtais, go raibh na doiciméid uile ar a laghad molta le bheith curtha faoi bhráid an Rialtais agus cruthaíodh iad chun na críche sin. Chinn mé mar sin go raibh an Meabhrán don Rialtas díolmhaithe faoi alt 19(1)(a) agus go raibh aguisín a cruthaíodh mar cheangaltán le Meabhrán don Rialtas díolmhaithe freisin faoi alt 19(1)(a). Thug mé faoi deara áfach gurbh ionann beagnach aguisín eile a seoladh timpeall le Meabhrán don Rialtas le taifead a ullmhaíodh roimhe sin chun críche tíolacaidh don Aire. Ní raibh mé sásta mar sin gur cruthaíodh an t-aguisín chun críche aighneachta leis an Rialtas agus chinn mé nach raibh sé díolmhaithe.

Toisc go sonraíonn na sainmhíniuithe ag alt 19(6) go n-áirítear le "taifead" réamh-dhréacht nó dréacht eile d'iomlán nó de chuid den ábhar arna áirítear i dtaifead, ghlac mé gur fheidhmigh alt 19(1)(a) do dhréacht-Mheabhrán don Rialtas agus do dhréachtanna d'ábhar arna áirítear i Meabhrán don Rialtas. Ina theannta sin, ghlac mé go raibh aighneacht don Rialtas lena lorgtar go gcuirfí meabhrú ar dhoiciméid áirithe ar an gclár do chruinniú an Rialtais díolmhaithe ar an dul céanna faoi alt 19(1)(a).

D'fhéach an Roinn le taifid a shiarchoinneáil, lena n-áirítear imchainteanna ó fhoinsí éagsúla, ar an mbonn gur cháiligh siad mar dhréachtanna d'ábhar a bhí san áireamh i dtaifead a cuireadh faoi bhráid an Rialtais. De réir

na breithe i gCás 99450 (féach www.oic.ie), ghlac mé go raibh aighneachtaí ó Airí agus/nó ó Ranna a rinneadh mar fhreagra ar chuireadh na Roinne ar thuairimí ar dhréacht-Mheabhrán don Rialtas agus ar dhréacht an SSN díolmhaithe faoi alt 19(1)(a). Ullmhaíodh doiciméid eile áfach lasmuigh den phróiseas Comhaireachta arna dtagraítear dóibh i gCás 99450. Doiciméad den tsórt sin aighneacht ó Ghrúpa Bainisteoirí Pleanála Idir-ghníomhaireach don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Doiciméad eile den tsórt sin aighneacht ar leith ó bhall den Ghrúpa Idir-ghníomhaireach, IDA Éireann. Léirigh an comhad gur seoladh an dréacht-Mheabhrán agus an dréacht den SSN araon go ionadaí an Ghrúpa Idir-ghníomhaireach le haghaidh tuairmí a fháil orthu. Thug mé faoi deara go bhféadfadh aighneacht ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta á ionchorpú tuairmí an Ghrúpa Idir-ghníomhaireach nó an IDA a bheith díolmhaithe faoi alt 19(1)(a). Níor ghlac mé áfach go bhforáiltear leis an Lámhleabhar Comhaireach d'iarraidh díreach tuairimí ar cheisteanna á gcur faoi bhráid an Rialtais ó pháirtithe seachas ó Airí nó ó Ranna seachas i dtosca teoranta nach ann dóibh sa chás seo. Thug mé faoi deara freisin nár áirigh an Meabhrán deireanach ábhartha aon tagairt do chomairle le haon pháirtithe seachas Airí agus Ranna agus chonclúidigh mé nach raibh na haighneachtaí ón nGrúpa Idir-ghníomhaireach agus ón IDA, chomh maith le doiciméid eile a ullmhaíodh lasmuigh den phróiseas Comhaireach, i dteideal díolúine.

Tá le tuiscint ó theidil dhá thaifead eile go raibh baint acu freisin le Meabhráin don Rialtas. Taispeánadh le hábhar na dtaifead nach raibh iontu ach liostanna de fhaighteoirí cóipeanna de Mheabhrán don Rialtaas arna tagraíodh dó agus ní raibh mé sásta go raibh na taifid seo díolmhaithe.

Chinn mé go raibh taifid an Rialtais díolmhaithe faoi alt 19(1)(b). Ina theannta sin, chinn mé gur fheidhmigh alt 19(1)(c) do thaifid arna áirítear faisnéis don Aire le húsáid go príomhúil chun críche mionteagascadh a dhéanamh i ndáil le cruinnithe na Comhaireachta agus cruinniú Fhochoiste na Comhaireachta. Ní raibh mé sásta áfach gur fheidhmigh alt 19 do pháipéirí mionteagaisc ginearálta, .i. nuair nár cuireadh aon fhianaise i láthair chun a léiriú gur áirigh na taifid faisnéis don Aire le húsáid go príomhúil chun críche gnó an Rialtais a dhéanamh ag cruinniú den Rialtas. Ní raibh mé sásta gur fheidhmigh alt 19 do dhréacht de "treoir éasca" den SSN a rabhthas ar intinn a fhoilsiú mar chuid den straitéis chumarsáide.

Chinn mé gur taifead a bhí díolmhaithe faoi alt 19(2) taifead arna áiritear nótaí de phlé a rinneadh ag cruinniú den Rialtas, arna n-áirítear ráitis a rinne baill aonair an Rialtais.

D'éiligh an Roinn go raibh taifid a bhaineann leis an GBPI díolmhaithe ar an mbonn gur réitigh an GBPI leis an sainmhíniú de "Rialtas" faoi alt 19(6)(b). Dhiúltaigh mé don éileamh seo. Cé go raibh sé soiléir gur bunaíodh an GBPI le toil an Rialtais chun ullmhúchán an SSN a stiúradh, ní bhfuair mé aon fhianaise go raibh an GBPI deimhnithe de réir ailt 19(6)(b)(iii), lena cheanglaítear ar Ard-Rúnaí an Rialtais an deimhniú riachtanach a eisiúint ag tráth ceaptha an choiste.

Go deireanach, ghair an Roinn alt 19(1)(aa) i ndáil le taifead arna áiritear cumarsáideanna idir baill den Rialtas a bhain le hullmhúcháin do SSN. Foráiltear faoi alt 19(1)(aa), sa chuid a bhaineann le hábhar, díolúine éigeantach do thaifid arna n-áirítear cumarsáideanna idir beirt nó níos mó baill den Rialtas maidir le ceist atá á meas ag an Rialtas nó atá molta le cur faoi bhráid an Rialtais. Ní thagraíonn alt 19(1)(aa) ach le ceisteanna á meas faoi láthair nó san am atá le teacht; murab ionann agus alt 19(1)(a), ní áirítear leis ceist atá curtha thar bráid an Rialtais nó atá á meas ag an Rialtas. Toisc go bhfuil an SSN foilsithe agus nár chuir an Roinn aon fhianaise i láthair chun a thaispeáint go raibh an cheist a tagraíodh dí sa taifead fós á meas ag an Rialtas ná go raibh sé á moladh le cur faoi bhráid an Rialtais arís, ní raibh mé sásta gur fheidhmigh alt 19(1)(aa). D'athraigh mé breith na Roinne.

STIÚRADH TAIFEAD

An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta – Cás 010147
I gCás 010147, lorg an t-iarratasóir ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta cóip den doiciméadú inmheánach a cuimsíodh agus a cuireadh i láthair Bhord Fiontair Chathair Phort Láirge dá choiste measúnachta i ndáil lena iarratas ar dheontas i ndáil lena ghnó beag. Dhiúltaigh an Roinn rochtain ar an mbonn gurbh é an Bord a chruthaigh na taifid, agus go raibh siad ina seilbh, agus nach raibh siad i seilbh na Roinne. B'í an cheist ná arbh fhéidir na taifid i seilbh an Bhoird a mheas mar thaifid "faoi stiúir" na Roinne. Má bhí, bheadh na taifid mar sin measta a bheith "i seilbh" na Roinne – mar a fhoráiltear dó faoi alt 2(5)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise – agus bheadh acmhainn rochtana orthu faoi alt 6 den Acht.

I mo bhreith, thug mé faoi deara go bhfeidhmíonn na Boird Fiontair Chathrach agus Chontae, a bhfuil ina gcomhlachtaí teoranta le ráthaíocht, faoina gcuid Meabhráin agus Airteagail Chomhlachais agus faoi chonradh, nó faoi chomhaontú feidhmiúcháin idir an Roinn agus na Boird. Thug mé faoi deara go bhfóráiltear leis an gcomhaontú feidhmiúcháin idir Bord Fiontair Chathrach Phort Láirge agus an Roinn don cheart rochtana ar gach taifead den Bhord ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus go soláthródh an Bord cóipeanna de aon doiciméadú ábhartha a iarrtar. Thug mé faoi deara go n-áirítear in Airteagail Chomhlachais an Bhord foráil do nochtadh cosúil leis sin. D'argóin an Roinn, i measc nithe eile, nach gciallaíonn an fíoras go bhfuil rochtain ag an Aire ar, agus go bhfuil sé de chumas aige nó aici cóipeanna a fháil de, dhoiciméid áirithe go bhfuil na doiciméid sin faoina stiúir. Níor ghlac mé le hargóintí na Roinne ag cuimhneamh ar thosca an cháis áirithe seo. D'argóin an Roinn freisin go bhfairsingeofaí cinneadh go raibh na taifid i seilbh an Bhoird faoina stiúir, déanta na fírinne, an tAcht um Shaoráil Faisnéise go taifid na mBord Cathrach agus Contae, comhlachtai atá, iontu féin, in ann a bheith forórdaithe mar chomhlachtaí poiblí chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise.

I mo bhreith, ghlac mé leis go raibh foclaíocht ailt 2(5)(a) soiléir agus gan athbhrí, viz. go n-áirítear le tagairt do chomhlacht poiblí tagairt do thaifid faoi stiúir an chomhlachta. Chinn mé go raibh taifid an Bhoird faoi stiúir na Roinne. D'ordaigh mé, faoi réir aon díolúintí a d'fhéadfadh an Roinn a éileamh agus díolúintí den tsórt sin faoi réir m'athbhreithnithe, gur cheart géilleadh do rochtain ar gach taifead i seilbh Bhord Fiontar Chathair Phort Láirge a thagann faoi scóip iarrata Saorála Faisnéise an iarratasóra.

Rinne an Roinn an cás seo a achomharc leis an Ard-Chúirt. Ag tráth tiomsuithe na Tuarascála seo, níor éist an Ard-Chúirt leis an t-achomharc go fóill. Ina theannta sin, tuigim go n-iarrfar ar an Aire Airgeadais Boird Fiontair Chontae a shainiú mar chomhlachtaí poiblí chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise am éigin le linn 2005.

Caibidil 5

ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMIÚ AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE [LEASÚ], 2003.

ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMIÚ AN ACHTA UM SHAORÁIL FAISNÉISE [LEASÚ], 2003.

Tar éis gur ceapadh mé mar Choimisinéir Faisnéise, thug mé orm tuarascáil a chur amach á sonrú éifeachtaí na leasuithe agus na dtáillí. Foilsíodh an Tuarascáil seo, tabhartha faoi laistigh de na forálacha d'alt 36 den Acht um Shaoráil Faisnéise, ar an 17 Meitheamh 2004 in éineacht le mo Thuarascáil Bhliantúil do 2003.

Scaipeadh frítheanna na Tuarascála seo go forleathan idir an dá linn: tá titim tagtha ar úsáid iomlán an Achta de níos mó ná 50% fad is a laghdaigh iarratais ar fhaisnéis neamh-phearsanta de 75 faoin gcéad. Tá an meath sa chatagóir neamhphearsanta an-suntasach ach go háirithe maidir le hiriseoirí. Idir an chéad cheathrú de 2003 agus an chéad cheathrú de 2004, thit líon na n-iarratas ó iriseoirí de 83% agus tá fós ag meath.

Ba cheart dom a rá, áfach, gur tharla méadú ar na hiarratais san chéad trí mhí de 2003 toisc go mb'fhéidir go rabhthas ag súil le leasuithe sriantacha. Tar éis sin is uile, bhí an laghdú sin chomh mór ná go raibh líon iomlán na n-iarratas neamhphearsanta don chéad cheathrú de 2004 níos mó ná 50% níos lú ná an líon ceathrúil is lú a taifeadadh sna 18 mí roimh theacht isteach na dtáillí.

I dtéarmaí imscrúdaithe gníomhartha an Rialtais agus comhlachtaí poiblí don cheathrú deireanach a athbhreithníodh (Eanáir - Márta 2004) níor chuir iriseoirí isteach ach 28 iarraidh in aghaidh na míosa chuig Ranna na Státseirbhíse, .i. dhá iarraidh in aghaidh na míosa chuig gach Roinn, i gcomparáid le 92 iarraidh in aghaidh na míosa i rith 2002. Chonaic an Roinn Airgeadais mar shampla, meath de 90% ar iarratais ó iriseoirí idir an chéad cheathrú de 2003 agus an chéad cheathrú de 2004, agus titim de 60% idir an cheathrú deireanach de 2003 agus an chéad cheathrú de 2004. I bhfocail eile, sna chéad trí mhí den bhliain seo, fuair an Roinn trí iarraidh in aghaidh na míosa i gcomparáid le 14 go 18 iarraidh in aghaidh na míosa sa dara leath de 2002.

Ach níl an t-athrú ar iompar le fáil sna meáin amháin: tá meath mór ar iarratais gnó freisin chomh maith le hiarratais ó ghnáth-shaoránaigh agus ó ghrúpaí pobail. Bhí 1,000 iarraidh níos lú sa chátagóir deireanach seo a luadh idir an chéad cheathrú de 2003 agus an chéad cheathrú de 2004.

Cé gur léirigh mé an pictiúr iomlán do 2004 i dtéarmaí m'Oifige féin i gCaibidil a Dó, bhí sé soiléir ón Tuarascáil Imscrúdaithe go raibh meath suntasach ar achomhairc a bhaineann le faisnéis neamhphearsanta faoi sheol (-50%). Measaim gur ceist an-tromchúiseach í seo ní amháin do na hiarratasóirí a raibh coiscithe, gan dabht beagnach, ag an gcostas mór chun achomharc a dhéanamh le m'Oifig, ach do mo ról maidir le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú an Achta.

Ní chreidim go mbeadh an tOireachtas ag súil le meath chomh mór sin in úsáid an Achta agus iad ag leasú an Achta agus iad ag ceadú scála na dtáilli le gearradh. Creidim go bhfuil an meath in úsáid chomh mór sin gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar scáil agus struchtúr na dtáillí, i ndáil le m'Oifige ach go háirithe. Ba cheart dom a chur in iúl go bhfuil Éire go mór sa mhionlach ag gearradh táillí d'athbhreithnithe inmheánacha agus d'achomhairc don Choimisinéir Faisnéise. In ocht ndlínse inchomparáidithe a mbreathnaíodh orthu mar chuid den imscrúdú, Éire amháin a ghearr táillí d'athbhreithniú inmheánach agus ní raibh ach tír amháin eile a ghearrann táillí d'achomharc don Choimisinéir Faisnéise. Ní ghearrann an dlínse eile, Ontario, ach €15.60 d'achomharc neamhphearsanta i gcomparáid le €150 anseo.

I gcomhthéacs athbhreithnithe sa todhchaí, dúirt mé sa Tuarascáil gur cheart machnamh a dhéanamh ar tháillí a tharscaoil i ndáil le cinéalta áirithe iarratais ag baill an Oireachtais agus ag na meáin.

Ag iarraidh athbhreithnithe den tsórt sin, bhí a fhios agam gur leis an Oireachtas é aon cheist faoi leasú reachtaíochta. Bhí agus tá súil agam áfach go spreagfadh an tuarascáil seo díospóireacht iomlán agus eolasach laistigh den Oireachtas agus i measc an phobail i gcoitinne araon, chun a shoiléiriú céard ba mhaith linn feidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise a bheith, don am i láthair agus don todhchaí araon.

CÁ RACHAIMID ANOIS?

Tá an díospóireacht seo tosaithe cheana féin: Ar an 7 Iúil 2004, chuir an Taoiseach in iúl gur chreid sé gur thuill roinnt de na cleachtais atá ann faoi láthair tuilleadh imscrúdaithe. Ar an dáta céanna, tugadh an deis dom labhairt faoin Tuarascáil leis an gComhchoiste Airgeadais agus Seirbhíse Poiblí.

I dtéarmaí a tionchar go fadtéarmach, bhreathnaigh na meáin ar an Tuarascáil mar chion suntasach don díospóireacht náisiúnta ar an gceist agus d'iarr athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht agus ar leibhéal na dtáillí.

TUARASCÁIL AN GHRÚPA OIBRE IDIR-RANNACH

D'fhoilsigh an foghrúpa den Grúpa Oibre Idir-rannach Saorála Faisnéise, a bunaíodh chun mo chuid moltaí a mheas, a Thuarascáil mí Meán Fómhair seo caite. I gcoitinne, fuair an Foghrúpa go raibh mo Thuarascáil dearfach ó thaobh comhlachtaí poiblí de. Ag déanamh amach a fhreagra ar mo mholtaí, thug an Foghrúpa faoi deara go raibh cuid mhaith díobh dírithe ar dhuine nó ar chomhlachtaí seachas iadsan sa tseirbhís phoiblí agus gur bhain cinn eile le ceisteanna de pholasaí a bhaineann leis an Aire Airgeadais. Tá an Tuarascáil ar fáil ar www.foi.gov.ie. Tá achoimre déanta agam ar na freagraí a shílim gur lárnach iad laistigh de scóip a chúraim:

TÁILLÍ IARRATAIS

